



CAO

www.cao.ie

2024
Lámhleabhar



Amchlár Imeachtaí an CAO*

2023

Meán Fómhair	• Beidh fáil ar Lámhleabhar Idirghníomhach an CAO, 2024 ar líne ag www.cao.ie
Deireadh Fómhair	
Samhain	• Osclaítear saoráid iarratais ar líne an CAO an 6 Samhain ag 12:00 meán lae • Osclaítear an tsaoráid um athrú ar/cur le rogha cúrsaí (saor in aisce) an 6 Samhain ag 12:00 meán lae
Nollaig	

2024

Mí Eanáir	• Táille iarratais ar lascaine (táille €30) ar fáil suas go dtí 5pm, an 20 Eanáir
Feabhra	• Is é 1 Feabhra, ag 5pm , an gnáthdháta deiridh chun iarratas a dhéanamh (Táille €45) • Dúntar an tsaoráid ar líne athrú ar/cur le rogha cúrsaí (saor in aisce) ar an 1 Feabhra ag 5pm • Osclaítear an tsaoráid ar líne chun leasú a dhéanamh ar an rogha cúrsaí (táille €10) ar an 6 Feabhra, ag meán lae
Márta	• Is é 1 Márta, ag 5pm , an dáta deiridh chun leasú a dhéanamh ar rogha cúrsaí • Is iondúil gur i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin a reáchtáiltear tástálacha agus agallaimh le haghaidh Cúrsaí Srianta • Is é 1 Márta, ag 5pm , an dáta deiridh chun foirmeacha DARE/HEAR a chomhlánú • Is é 1 Márta, ag 5pm , an dáta deiridh chun an rannán d'Iarratasóirí Lánfhásta den fhoirm CAO a chomhlánú • Osclaítear saoráid d'iarratais dhéanacha an 5 Márta ag 12:00 meán lae • Ní mór doiciméid tacaíochta DARE/HEAR a bheith in oifigí an CAO faoi 5pm, an 15 Márta
Aibreán	• Is iondúil gur i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin a reáchtáiltear tástálacha agus agallaimh le haghaidh Cúrsaí Srianta
Bealtaine	• Is é 1 Bealtaine, ag 5pm , an dáta deiridh le haghaidh iarratais dhéanacha • Saoráid ar líne ar fáil chun Athrú Intinne a dhéanamh (saor in aisce) an 7 Bealtaine ag 12:00 meán lae (dáta beartaithe) • Cuirtear ríomhphost meabhrúcháin maidir le Seiceáil agus Dearbhú chuig gach iarratasóir faoi dheireadh mhí na Bealtaine. Abair leis an CAO mura bhfuair tú é
Meitheamh	• Scrúduithe na hArdeistiméireachta
Iúil	• Dúntar an tsaoráid 'Athrú Intinne' ar an 1 Iúil, ag 5pm • Déantar tairiscintí Bhabhta A le haghaidh catagóirí áirithe iarratasóirí e.g. Lánfhásta, Cur Siar, etc., go luath i mí Iúil • Is é an dáta deiridh eisceachtúil le haghaidh iarratais dhéanacha dóibh siúd atá ag freastal ar Institiúid Ardoideachais cheana féin ná 22 Iúil ag 5pm
Lúnasa	• Eisítear tairiscintí Bhabhta Náid le haghaidh iarratasóirí i gcatagóirí áirithe go luath i mí Lúnasa • Eisítear torthaí Ardeistiméireachta na bliana reatha (dáta le deimhniú) • Eisítear tairiscintí Bhabhta a hAon (dáta le deimhniú)
Meán Fómhair	• Tús le clárú sna hinstiúidí ardoideachais • Déantar torthaí achomhairc na hArdeistiméireachta a eisiúint (dáta le deimhniú) • Cuirtear deireadh le séasúr na dtairiscintí (dáta le deimhniú)

An English version of this handbook is available.

Is féidir leaganacha uasdátaithe den lámhleabhar, ar nós cúrsaí nua agus cúrsaí nach bhfuil ann a thuilleadh, a léamh ar láithreán gréasáin an CAO.


Téigh chuig www.cao.ie, clíceáil ar '**Lámhleabhar an CAO**' agus féach ar an tábla dar teideal '**Athruithe Tábhachtacha**'.

*D'fhéadfadh na dátaí athrú. Chun an fhaisnéis is nuaí a fháil tabhair cuairt ar an rannán Dátaí Tábhachtacha ar www.cao.ie

CLÁR ÁBHAR

RÉAMHRÁ	2
Srianta	3
Freagracht an Iarratasóra	4
IARRATAS A CHUR CHUIG AN CAO	5
Dátaí deireanacha le haghaidh Iarratas agus Táillí	6
Iarratais Dhéanacha	6
Catagóirí Cáilíochtaí agus Measúnuithe	6
Iarratas ar Dheontas Táille Cothabhála (SUSI)	19
Díolúintí	19
Do Rogha Cúrsaí a Chur In Iúl	19
Iarratas ar HEAR agus DARE	21
Torthaí Scrúduithe Samhraidh 2024	24
Agallaimh agus Measúnuithe	24
TAR ÉIS IARRATAS A DHÉANAMH	25
Ag idirghníomhú le do Chuntas CAO	25
Comhfhreagras Tábhachtach	25
Seiceáil agus Dearbhaigh / Ráiteas ar Thairseach Iarratais	26
Athrú Cúrsaí / Athrú Intinne	27
Athrú ar d'Fhaisnéis Phearsanta agus Scrúdaithe	27
CÉIM NA TAIRISCEANA	28
Na Babhtáí Tairisceana	28
Glacadh le Tairiscint	29
Na hÁiteanna atá ar Fáil	29
Ríomh Pointí d'Iarratasóirí Ardteistiméireachta	30
Ríomh Pointí le haghaidh Scrúduithe Eile	32
Áit a Chur Siar	32
Conas glacadh le Cúrsa a cuireadh siar	32
Próiseas Achomharc na hArdteistiméireachta	32
Clárú ar an gCúrsa a nGlacann tú Leis	32
IARRATAIS DHÍREACHA	33
Iarratais le seoladh Díreach go dtí na hInstitiúidí Ardoideachais	33
IARRATAIS DHÉANACHA EISCEAHTÚLA	34
Iarratais Dhéanacha Eisceachtúla (Eisceacht i leith an amchláir)	34
Athrú Intinne (Eisceacht maidir leis an Amchlár)	34
TUILLEADH FAISNÉISE	35
Tuilleadh Faisnéise	35
Prionsabail Ghinearálta	35
Coimisiún Neamhspleách Achomharc	36
Teagmháil a dhéanamh leis an CAO	36
Seicliosta d'Iarratasóirí ar Líne	37
LIOSTA NA N-INSTITIÚIDÍ AGUS NA gCÚRSAÍ	38
Doiciméid Tacaíochta (<i>sa chlúdach cúil</i>)	100
Liosta Tagartha de na hInstitiúidí atá páirteach (<i>clúdach cúil</i>)	

ACHOIMRE AR NA CÉIMEANNA MÓRA DE PHRÓISEAS IARRATAIS AN CAO



Tá an chart seo á soláthar mar threoir tagartha amháin.
 Ní mór do gach iarratasóir lámhleabhar seo an CAO a léamh go cúramach, agus ina iomláine.

RÉAMHRÁ



Tá sé mar aidhm ag an Lár-Oifig Iontrála (CAO) déileáil le hiarratais go lárnach le haghaidh cúrsaí fochéime in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann, agus féachaint chuige go ndéantar é seo go héifeachtúil agus go cothrom. Tá sé de cheart ag na hInstitiúidí Ardoideachais ar fad atá páirteach sa chóras cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais.

Ullmhaíodh an lámhleabhar seo chun faisnéis a thabhairt faoi phróiseas iarratais an CAO. Má léann tú an lámhleabhar seo go cúramach gheobhaidh tú an fhaisnéis a theastaíonn uait chun cuidiú leat le d'iarratas.

Is iomaí bealach a bheidh le hiniúchadh agat nuair a shocraíonn tú tabhairt faoin ardoideachas; i gcás fhormhór daoine, beidh iarratas CAO le déanamh ar an turas sin. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil bealaí rochtana eile ann chuig an ardoideachas, agus go bhfuil institiúidí eile ag tairiscint breisoideachais agus ardoideachais, agus tá cásanna ann ina mbeidh ort iarratas a dhéanamh díreach chuig institiúid tú féin.



**NÁ FÁG GACH RUD
GO DTÍ AN NÓIMÉAD
DEIREANACH**

Ba chóir duit dóthain ama a thabhairt chun taighde cúramach a dhéanamh ar do rogha cúrsaí agus leas á bhaint agat as láithreáin ghréasáin agus foilseacháin na hInstitiúidí Ardoideachais, agus na riachtanais maidir le máithreánach agus na híosriachtanais iontrála a sheiceáil – ní bhfaighidh tú tairiscint ar áit ar do chúrsa roghnaithe mura gcomhlíonann tú na híosriachtanais iontrála. Gheobhaidh tú tuilleadh faisnéise ó fhoilseacháin agus ó láithreáin ghréasáin na n-institiúidí, ar Laethanta Oscailte, agus ó do Threoirchomhairleoir.

D'fhéadfadh go mbeadh táillí nó ranníocaíocht mic léinn le hóc. Ba chóir duit tagairt do láithreán gréasáin na hInstitiúide Ardoideachais chun faisnéis a fháil faoi na táillí agus téigh chuig www.studentfinance.ie nó www.susi.ie chun faisnéis a fháil faoi airgead agus deontais.


Má tá ceisteanna agat don CAO nach bhfuil freagraí le fáil orthu in ábhar léitheoireachta an CAO ná ar láithreán gréasáin an CAO, nó má tá aon treoir nach dtuigeann tú, téigh i dteagmháil linn le do thoil leis an bhfoirm 'Teagmháil' ar an láithreán gréasáin www.cao.ie.

SRIANTA

Mar iarratasóir CAO d'fhéadfadh ceann amháin nó níos mó de na srianta seo a leanas a bheith ort ag brath ar na roghanna cúrsaí a dhéanann tú, ar do chatagóir iarratais, nó ar na srianta a shocraíonn na hInstitiúidí Ardoideachais ar mian leat iarratas a dhéanamh orthu. Léigh na rannáin seo a leanas go cúramach:

Srianta Ginearálta

1. Iarratas déanach a dhéanamh – D'fhéadfadh sé go mbeadh breis srianta ag Institiúidí Ardoideachais áirithe i gcás na n-iarratas déanach – mar shampla, b'fhéidir nach nglactadh institiúidí áirithe le hiarratais dhéanacha ó iarratasóirí a bhaineann le ranna ar leith. Ba chóir d'iarratasóirí lánfhásta, agus iad siúd atá ag cur cáilíochtaí ar fáil seachas scrúduithe AE ar fhágáil na scoile a rinneadh le gairid, breathnú ar láithreán gréasáin na hInstitiúide Ardoideachais iomchuí sula ndéanfaidh siad aon iarratas déanach.



2. Athruithe a dhéanamh ar do rogha cúrsaí – Tá tréimhsí éagsúla ann inar féidir leat athruithe a dhéanamh ar d'iarratas CAO. Mar sin féin, má tá iarratas á dhéanamh agat ar chúrsa srianta, nó más iarratasóir lánfhásta thú, tá seans nach mbeidh tú in ann an tsaoráid 'Athrú Intinne' saor in aisce a úsáid, saoráid a osclaíonn i mí na Bealtaine agus a dhúnann an 1 Iúil ag 5pm. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi athruithe a dhéanamh ar d'iarratas téigh chuig leathanach 27.



Cúrsaí Srianta

3. Iarratas ar chúrsa srianta – ní mór duit iarratas a chur faoi bhráid an CAO faoi 5pm, an 1 Feabhra, 2024, más mian leat iarratas a dhéanamh ar chúrsa srianta. Ní mór an cúrsa srianta a bheith áirithe ar do liosta de rogha cúrsaí faoin dáta sin, nó curtha le d'iarratas ag úsáid na saoráide 'Athrú ar Rogha Cúrsaí' ar tháille €10 faoin 1 Márta, ag 5pm.

De ghnáth bíonn nósanna imeachta measúnaithe breise ag teastáil i gcás cúrsaí srianta, e.g. punann a sheoladh isteach, measúnú nó agallamh ó bhéal, nó measúnú scríofa. Tá cúrsaí srianta aitheanta sa lámhleabhar leis na na cúrsaí srianta aitheanta sa lámhleabhar leis na focail "(Srianta – féach ar

leathanach 3)" ar an líne chéanna le teideal an chúrsa srianta. Déan cinnte le do thoil go dtéann tú i gcleachtadh ar na ceanglais bhreise, más ann dóibh, maidir leis an gcúrsa nó na cúrsaí srianta a bhfuil iarratas déanta agat orthu agus téigh chuig leathanach 24 chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi agallaimh agus faoi mheasúnachtaí.

Eisceacht: Más ionann na nósanna imeachta measúnaithe do chúrsa srianta agus cúrsa a ndearna tú iarratas air faoin 1 Feabhra 2024, b'fhéidir go bhféadfá an cúrsa srianta a thabhairt isteach ach leas a bhaint as an tsaoráid 'Athrú Intinne'. Ba chóir labhairt leis an Institiúid Ardoideachais cuí sula roghnaíonn tú cúrsa den saghas seo.

Iarratasóirí Lánfhásta

4. Iarratasóirí Lánfhásta – iarrfaidh formhór na hInstitiúidí Ardoideachais ar iarratasóirí lánfhásta, ar mian leo go ndéanfaí measúnú orthu ar bhonn lánfhásta, iarratas a chur faoi bhráid an CAO faoin 1 Feabhra 2024, ag 5pm, agus roghanna cúrsaí a áireamh faoin dáta sin nó iad a chur leis tríd an tsaoráid chun rogha cúrsaí a athrú nó chun cur leis a úsáid ar tháille €10 faoin 1 Márta, 5pm. (Ní bheidh feidhm leis an srian seo más mian leis an iarratasóir go measfar é ar bhonn cáilíochtaí fágála scoile amháin.) Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi iarratas a dhéanamh chuig an CAO ar bhonn aibíochta téigh chuig www.cao.ie/mature

Bealaí Forlíontacha Iontrála

5. Iarratas a dhéanamh ar DARE agus/nó HEAR – le bheith san áireamh do DARE agus/nó HEAR, ní mór d'iarratasóirí clárú ar chóras an CAO faoin 1 Feabhra 2024, ag 5pm. Chun iarratas a dhéanamh ar DARE, ní mór duit YES a fhreagairt ar Cheist 1 ('Do you wish to be considered for DARE?') ar Rannán A den Fhoirm um Fhaisnéis Fhorlíontach (SIF) a bheidh comhlánaithe ina hiomláine agat faoi 5pm, an 1 Márta 2024.

Chun iarratas a dhéanamh ar HEAR, ní mór duit a thabhairt le fios ar d'iarratas CAO gur mian leat iarratas a dhéanamh ar HEAR agus gach gné d'fhoirm ar líne HEAR a chomhlánú go hiomlán agus i gceart faoi 5pm, an 1 Márta 2024.

Caithfear doiciméid tacaíochta i gcomhair iarratasóirí DARE agus/nó HEAR a sheoladh chuig oifigí an CAO faoi 5pm, an 15 Márta 2024.

FREAGRACHT AN IARRATASÓRA

Sula ndéanann tú iarratas chuig an CAO ní mór duit aird a bheith agat ar an bhfaisnéis seo a leanas:

- Is ort féin, an t-iarratasóir, atá an cúram a chinntiú go bhfuil d'fhoirm iarratais comhlánaithe go hiomlán agus i gceart agus in am.
- Tá tú ag cur isteach ar chomórtas iontrála ardoideachais.
- Ní féidir le hiarratasóirí ach foirm iarratais amháin a sheoladh isteach in aon bhliain amháin.
- Ní mór duit scrúdú cúramach a dhéanamh ar an ábhar atá sa lámhleabhar seo.
- Tá tú freagrach as slándáil na sonraí pearsanta a bhféadfadh rochtain a bheith agat orthu (mar shampla, a fhaigheann tú sa phost, a scríobhann tú síos, a stóráilann tú, a phriontálann tú, a n-amharcann tú orthu i mbrabhsálaí, a íoslódálann tú etc.). Ní mór duit a áirithiú i gcónaí go bhfuil do phasfhocal do do chuntas CAO agus do do chuntas ríomhphoist sábháilte, agus a bheith cinnte go bhfuil tú logáilte amach tar éis duit do chuntais a úsáid. Chun tuilleadh faisnéise faoi chosaint sonraí a fháil, téigh chuig an rannán 'Cosaint Sonraí' ag www.cao.ie.



- Is gá duit seoladh bailí ríomhphoist a chur ar fáil agus a chinntiú go bhfuil ríomhphoist an CAO ag teacht chuig an seoladh seo, mar shampla, nuair a dhéanann tú iarratas, an ríomhphost maidir leis an ráiteas ar thaifead iarratais i mí Bealtaine, agus ríomhphoist eile a sheolann muid chugat (féach ar leathanach 4 freisin).
- Tá taifead sa rannán Comhfhreagrais de do chuntas de gach ríomhphost a sheolann tú chuig an CAO, agus aon cheisteanna ar líne a chuir tú faoi bhráid an CAO nuair a bhí tú logáilte isteach i d'iarratas. Déan cinnte go seiceálfaidh tú an rannán Comhfhreagrais go rialta le haghaidh ríomhphoist nua ón CAO ina mbeadh faisnéis agus teoracha tábhachtacha.
- Ní mór bun-áiseanna áirithe ríomhaireachta a bheith agat chun iarratas ar líne a dhéanamh (e.g. an leagan is déanaí de Mozilla Firefox agus Google Chrome) agus molaimid d'iarratasóirí ríomhaire pearsanta a úsáid nuair a bhíonn iarratas á chur isteach chuig an CAO chun earráidí ón iarratasóir a sheachaint.
- Ní bheidh an CAO freagrach as aon rud a tharlaíonn de bhrí nár cheartaigh iarratasóir botúin nó sonraí a bhí mícheart.



IARRATAS A CHUR CHUIG AN CAO



Céim 1

Cláraigh ar chóras an CAO roimh an dáta deiridh chun d'uimhir iarratais CAO a fháil

1. Téigh chuig www.cao.ie agus cliceáil ar **Déan Iarratas**.
2. Cuir isteach do shonraí pearsanta go cúramach.
3. Tabhair seoladh ríomhphost bailí – teastaíonn seoladh ríomhphost bailí chun críocha slándála agus cumarsáide. D'fhéadfá a bheith siar go mór leis mura dtugann tú seoladh ríomhphost bailí, mar shampla, d'fhéadfá gan aon tairiscint a fháil. Tabhair faoi deara go mb'fhéidir go dteastóidh ón CAO, agus ó na hInstitiúidí Ardoideachais ar a ndéanann tú iarratas, teagmháil a dhéanamh leat maidir le d'iarratas, agus d'fhéadfadh siad dul i dteagmháil leat trí ríomhphost, sa phost nó le teachtaireacht téacs (féach leathanach 25).
4. Roghnaigh an rannán/na rannáin cáilíochtaí agus measúnuithe atá ábhartha duitse (d'fhéadfadh níos mó ná rannán ábhartha amháin – féach ar leathanach 6 le haghaidh tuilleadh faisnéise).
5. Roghnaigh do mhodh íocaíochta.
6. Cruthaigh pasfhocal. Má dhéanann tú dearmad do phasfhocal is féidir leat an tsaoráid pasfhocail dhearmadta a úsáid. Teastóidh d'uimhir iarratais CAO uait, do dháta breithe agus an seoladh ríomhphost atá cláraithe le do chuntas le bheith in ann do phasfhocal a athshocrú go huathoibríoch. Má bhíonn deacracht agat do phasfhocal a athshocrú cuir ríomhphost chuig an CAO ag úsáid na saoráide 'Teagmháil'.

7. Más mian leat cárta creidmheasa nó cárta dochair a úsáid chun íocaíocht a dhéanamh, cuirfead ar aghaidh chuig saoráid íocaíochta tríú páirtí thú. Ní stórálfaidh córas an CAO aon sonraí maidir leis an gcárta íocaíochta. A luaithe a bheidh d'íocaíocht próiseáilte, tabharfar ar ais chuig láithreán gréasáin an CAO thú chun na céimeanna atá fágtha a chur i gcrích, agus tabharfaidh tú le fios go bhfuil na téarmaí agus na coinníollacha léite agat.
8. Ní mór duit cliceáil ar 'Lean leis an iarratas' chun d'uimhir iarratais CAO 2024 a fháil. Beidh do shonraí iarratais le feiceáil ar an scáileán agus gheobhaidh tú ríomhphost freisin ina mbeidh d'uimhir iarratais CAO agus do chód deimhnithe ríomhphost. Mura bhfaigheann tú ríomhphost le d'uimhir iarratais 2024, níor cláraíodh d'iarratas i gceart.

Tabhair faoi deara: Ba chóir duit d'ainm a chur isteach díreach mar atá sé le feiceáil ar do Theastas Breithe nó ar do Phas. Más mian leat iarratas a dhéanamh faoi ainm eile, beidh fianaise aitheantais ag teastáil ó na hInstitiúidí Ardoideachais agus tú ag clárú.

Má tá tú cláraithe mar iarratasóir CAO, ciallaíonn sé sin go bhfuil uimhir aitheantais CAO a thosaíonn le '24' agat.

NOD: sula gcláraíonn tú is féidir leat cleachtadh a dhéanamh ar iarratas a réiteach ag baint úsáid as an **bhfoirm Iarratais Taispeána**

BRÚIGH ANSEO

DÁTAÍ DEIREANACHA LE HAGHAIDH IARRATAS AGUS TÁILLÍ

Tábla 1.1 Dátaí deireanacha le haghaidh iarratais agus táillí

CINEÁL IARRATAIS	TÁILLE	DÁTA DEIREANACH
Iarratas luath ar líne (ar lascaine)	€30	20 Eanáir 2024, ag 5pm
Gnáthiarratas ar líne	€45	1 Feabhra 2024, ag 5pm
Iarratas déanach ar líne – srianta i bhfeidhm (féach ar leathanach 3)	€60	1 Bealtaine 2024, ag 5pm
Athrú Intinne – srianta i bhfeidhm (féach ar leathanach 3)	Dada	1 Iúil 2024, ag 5pm
Iarratas déanach eisceachtúil ar líne (féach ar leathanach 34)	€60	22 Iúil 2024, ag 5pm

Bí cinnte go ndéantar aon ghníomh i bhfad roimh na dátaí deiridh. Ba chóir duit a chinntiú nach ndéanann tú iarratas ró-ghar don dáta deiridh atá leagtha síos. Ní cheadófar aon síneadh ar na dátaí deiridh agus ní aisíofar aon cheann de na táillí iarratais.

IARRATAIS DHÉANACHA

Is iarratais dhéanacha iad aon iarratas a fhaightear tar éis 5pm, ar an 1 Feabhra 2024. Is é 1 Bealtaine 2024, ag 5pm, an dáta deiridh le haghaidh iarratais dhéanacha, faoi réir na srianta a liostaítear ar leathanach 3 den lámhleabhar seo. Oslóidh an tsaoráid ar líne d'iarratais dhéanacha ar an 5 Márta 2024 ag 12:00 meán lae – tá táille €60 i gceist.

ATHIARRATAS A CHUR CHUIG AN CAO

Más rud é gur chuir tú iarratas faoi bhráid an CAO i mbliain eile roimhe seo agus más maith leat iarratas a dhéanamh arís don bhliain 2024, ní mór duit iarratas nua a dhéanamh i.e. caithfidh tú an fhoirm iarratais a chomhlánú, an táille iarratais a íoc, agus aon eolas /cháipéisíocht bhreise atá ag teastáil a chur ar fáil. De ghnáth, ní bheidh do sheanuimhir iarratais CAO de dhíth ort toisc go dtabharfar uimhir CAO nua duit nuair a dhéanann tú iarratas. I gcás iarratasóirí atá ag tabhairt incháilitheacht DARE agus/nó HEAR ar aghaidh ón mbliain 2023, mura bhfuil tú in ann teacht ar d'uimhir iarratais CAO 2023 cuir ríomhphost le do thoil chuig an CAO tríd an tsaoráid don Teagmháil.



Céim 2

Logáil isteach trí 'M'Iarratas' chun sonraí a thabhairt maidir le do cháilíochtaí agus measúnuithe

Téigh chuig www.cao.ie agus cliceáil ar 'M'Iarratas'.

D'fhonn logáil isteach iarrfar ort d'uimhir iarratais CAO a chur isteach, do dháta breithe agus an pasfhocal a chruthaigh tú nuair a rinne tú an t-iarratas. Nuair a logálann tú isteach ar dtús iarrfar ort an cuntas ríomhphoist a thug tú nuair a chláraigh tú a dheimhniú, tabharfar chuig an scáileán 'Cáilíochtaí agus Measúnuithe' ansin thú áit a n-iarrfar ort tuilleadh faisnéise a thabhairt faoin rannán/faoi na rannáin 'Cáilíochtaí agus Measúnuithe' a roghnaigh tú nuair a chláraigh tú ar chóras an CAO.

CATAGÓIRÍ CÁILÍOCHTAÍ AGUS MEASÚNUITHE

Féadfaidh roinnt iarratasóirí ceann amháin nó níos mó de na rannáin thíos a roghnú, agus tá sé tábhachtach go gcuireann iarratasóirí an CAO ar an eolas faoi na cáilíochtaí go léir ionas go bhfaighidh siad creidiúint astu ag céim na dtairiscintí. Lean na treoracha le do thoil maidir leis na rannáin a bhaineann leatsa. Mura leantar na treoracha ar fad go beacht, d'fhéadfadh gá a bheith ann próiseáil d'iarratais a chur ar fionraí agus teagmháil a dhéanamh leat ionas go gcomhlíonfaidh tú na riachtanais. Sa chás seo beidh ort táille bhreise €10 a íoc leis an iarratas a sheoladh isteach arís.

- 1 Scrúdú na hArdteistiméireachta (1985–2024): féach **leathanach 7**
- 2 Scrúduithe QQI FET/FETAC Leibhéal 5/6 (2002–2024): féach **leathanaigh 8-9**
- 3 A/AS-Leibhéal GCE / an GCSE (2006–2024): féach **leathanaigh 10-11**
- 4 Scrúduithe Fágála Scoile Eile: féach **leathanaigh 12-13**
- 5 Breisoideachas eile: féach **leathanaigh 14-15**
- 6 Ardoideachas Tríú Leibhéal: féach **leathanach 16**
- 7 Iarratasóir lánfhásta: féach **leathanaigh 17-18**

1. Scrúdú na hArdteistiméireachta i bPoblacht na hÉireann (1985-2024)

TÁBHACHTACH: Is gá d'iarratasóirí a bhfuil Scrúduithe na hArdteistiméireachta (1985-2024) á gcur in iúl acu an méid seo a leanas a léamh go cúramach agus ina iomláine.

Iarratas a leagan isteach chuig an CAO ar bhonn Scrúduithe Ardteistiméireachta na hÉireann (1985-2024):

Is gá d'iarratasóirí a bhfuil Scrúduithe na hArdteistiméireachta (1985-2024) á gcur in iúl acu tic a chur le bosca 1 in Achoimre na gCáilíochtaí agus na Measúnuithe.

Is gá d'iarratasóirí ainm a scoile, seoladh a scoile, agus an bhliain ar thosaigh agus ar chríochnaigh siad a scolaíocht a chur in iúl i rannán **Meánscoileanna ar Freastalaíodh orthu** an iarratais ar líne.

Tabhair faoi deara: Ba cheart Scrúduithe na hArdteistiméireachta Feidhmí nó scrúduithe na hArdteistiméireachta roimh 1985 a thaifeadadh faoi bhosca 5 'Scrúduithe Fágála Scoile Eile'.

Is iarratasóir Ardteistiméireachta na bliana reatha mé – cén chaoi ar féidir liom m'uimhir scrúdaithe a chur ar fáil?

Más iarrthóir Ardteistiméireachta reatha thú, ní mór duit tic a chur sa bhosca atá tugtha le cur in iúl go mbeidh an Ardteistiméireacht á déanamh agat i mbliana. Ní féidir leat d'uimhir scrúdaithe reatha a chur isteach (nuair a chuireann tú tús le d'iarratas CAO, de ghnáth, ní bheidh d'uimhir scrúdaithe Ardteistiméireachta agat).

I mí an Mhárta, cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit sonraí iarratasóirí Ardteistiméireachta 2024 ar fáil don CAO, agus ar dháta ina dhiaidh sin iarrfar ort d'uimhir scrúdaithe Ardteistiméireachta a dheimhniú ar do 'Ráiteas ar Thaifead Iarratais' a gheobhaidh tú trí ríomhphost i mí na Bealtaine.

I roinnt cásanna, rachaidh muid i dteagmháil leat trí ríomhphost i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin le hiarradh ort d'uimhir scrúdaithe a chur isteach i do chuntas CAO de láimh – go hiondúil mar gheall nárbh fhéidir linn d'iarratas CAO a mheaitseáil le hUimhir Scrúdaithe Ardteistiméireachta a chuir Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar fáil don CAO. Seiceáil an rannán Comhfhreagrais de d'iarratas go cúramach le haghaidh comhfhreagrais ón CAO.

Rinne mé an Ardteistiméireacht roimh an mbliain seo – cén chaoi ar féidir liom m'uimhir scrúdaithe a chur ar fáil?

Má rinne tú an Ardteistiméireacht cheana ní mór duit d'uimhir/uimhreacha scrúdaithe agus an bhliain/na blianta ar shuigh tú do scrúdú/scrúduithe a thabhairt sa spás a chuirtear ar fáil sa rannán Cáilíochtaí agus Measúnuithe. Mura bhfuil d'uimhir scrúdaithe Ardteistiméireachta ar eolas agat, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le do scoil nó le Coimisiún na Scrúduithe Stáit chun rochtain a fháil ar do chuid sonraí.

Cén chaoi a bhfaigheann an CAO torthaí Scrúduithe na hArdteistiméireachta?

Úsáidfidh an CAO an uimhir scrúdaithe a chuir an t-iarratasóir ar fáil/ a dhearbhaigh an t-iarratasóir le rochtain a fháil ar thorthaí na hArdteistiméireachta.

Ní gá cóip fhisiciúil de thorthaí scrúduithe Ardteistiméireachta a cuireadh í gcrích ó 1985 ar aghaidh a chur ar fáil a fhad is gur chuir tú bliain cheart agus uimhir cheart scrúduithe na hArdteistiméireachta isteach ar d'iarratas ar líne.

Cén chaoi a ndéanfar mo chuid torthaí Ardteistiméireachta a mheas?

Is féidir leat breathnú ar scéim scórála na hArdteistiméireachta ag cao.ie/lcscore

Má tá do chuid torthaí agat cheana féin, is féidir leat an t-áireamhán pointí ar ár láithreán gréasáin a úsáid le do scór a sheiceáil: cao.ie/calc

Meastar torthaí scrúduithe na hArdteistiméireachta do thairiscintí i mBabhta a hAon agus sna babhtaí ina dhiaidh sin.



TABHAIR FAOI DEARA: rachaidh muid i dteagmháil le hiarratasóirí tríd an ríomhphost. Nuair a sheolann muid ríomhphost, seolann muid iad chuig an seoladh ríomhphost a cláraíodh ar d'iarratas CAO. Cinntigh le do thoil go gcoimeádann tú súil ar an mbosca ríomhphost seo le haghaidh teachtaireachtaí ón CAO. D'fhéadfá a bheith siar go mór leis mura ndéanann tú amhlaidh. Is féidir cóip de gach ríomhphost a seoladh ón CAO a fheiceáil sa rannán Comhfhreagrais i do chuntas CAO.

2. Iarratasóirí QQI FET/FETAC (2002-2024)

TÁBHACHTACH: Is gá d'iarratasóirí a bhfuil cáilíochtaí QQI FET agus FETAC Leibhéal 5/6 2002-2024 á gcur ar fáil acu an méid seo a leanas a léamh go cúramach agus ina iomláine.

Iarratas a leagan isteach chuig an CAO ar bhonn cáilíochtaí QQI FET/ FETAC:

Is gá d'iarratasóirí a bhfuil torthaí QQI FET agus FETAC ó 2002 go 2024 á gcur i láthair acu tic a chur le bosca a 2, **Scrúduithe QQI FET/FETAC Leibhéal 5/6 2002-2024**, in Achoimre na gCáilíochtaí agus na Measúnuithe. Nuair a logálann iarratasóirí isteach ar a n-iarratas, is gá dóibh a n-uimhir cheart PSP a chur isteach sa bhosca atá ar fáil.

Úsáidfidh QQI d'uimhir PSP mar uimhir uathúil aitheantais/scrúdaithe. **Is gá d'iarratasóirí a chinntiú gurb ionann an uimhir PSP a chuir a gcoláiste/ionad/soláthróir ar fáil do QQI agus an ceann a cuireadh ar fáil don CAO.**

Cén chaoi a bhfaigheann an CAO torthaí QQI?

Úsáidfidh an CAO an uimhir PSP a chuir an t-iarratasóir ar fáil le torthaí Leibhéal 5/6 ó 2002-2024 a fháil ó QQI. Nuair a fhaightear torthaí na bliana reatha, i mí an Mheithimh de ghnáth, rachaidh an CAO i dteagmháil le gach iarratasóir QQI FET/FETAC tríd an ríomhphost. Is gá d'iarratasóirí na treoracha ar fad a thugtar sa ríomhphost seo a leanúint go cúramach agus a chinntiú go bhfuil a gcuid torthaí uilig QQI Leibhéal 5/6 ag teacht aníos i gceart ar a gcuntas ar líne CAO.



Cén chaoi a ndéantar cáilíochtaí QQI FET/FETAC a mheas?

Le haghaidh eolais maidir leis an gcaoi a ndéantar dámhachtainí QQI FET agus FETAC a mheas, ba cheart duit breathnú ar www.cao.ie/qqi agus brúigh ar: **Riachtanais Iontrála QQI FET/FETAC**. Le haghaidh breis eolais maidir leis an gcaoi a ndéantar na dámhachtainí seo a mheas ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le hOifigí Iontrála na nInstitiúidí Ardoideachais ar chuir tú isteach orthu:

www.cao.ie/hei

Tabhair faoi deara: D'fhéadfadh sé go mbeadh dámhachtainí QQI FET/FETAC Leibhéal 5/6 ar leith riachtanach le háit a fháil ar chúrsaí áirithe.

Tá Dámhachtain iomlán QQI FET/FETAC Leibhéal 5/6 riachtanach; ní leor Taifead Gaisce/ Teastas Comhpháirte QQI FET/FETAC Leibhéal 5/6.

Cáilíochtaí nach bhfuarthas ó QQI:

Ní fhaigheann an CAO gach cáilíocht Breisoideachais go leictreonach ó QQI. I gcás iarratasóirí a bhfuil na cáilíochtaí seo a leanas á gcur i láthair acu:

- Dámhachtainí City & Guilds
- Dámhachtainí FÁS
- BTEC Leibhéal 4 nó níos airde
- Cúrsaí iar-Ardteistiméireachta (Poblacht na hÉireann) seachas QQI Leibhéal 5/6.

srl., ba cheart dóibh sin an rannán **Breisoideachais Eile** (bosca 5) a roghnú ar Achoimre na gCáilíochtaí agus na Measúnuithe agus cruthúnas de na cáilíochtaí sin a sheoladh tríd an bpost chuig: **CAO, Teach an Túir, Sráid Eglinton, Gaillimh, H91 X25V, Éire.**

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi dhoiciméid a leagan isteach, téigh chuig leathanach 100 de Lámhleabhar an CAO.

Cumarsáid thábhachtach ón CAO:

Ba cheart d'iarratasóirí breathnú ar a ríomhphoist go rialta mar d'fhéadfaimis cumarsáid thábhachtach a dhéanamh leat tríd an ríomhphost maidir le d'iarratas.

Gheobhaidh gach iarratasóir Ráiteas ar Thaifead Iarratais ón CAO í mí Bealtaine.

I mí an Mheithimh, gheobhaidh gach iarratasóir a chuir QQI FET agus FETAC in iúl ríomhphost ón CAO maidir lena dtorthaí QQI.

Cathain a chuirfear mé ar an eolas maidir le tairiscint?

Braitheann amanna tairiscintí d'iarratasóirí atá ag déanamh iarratais ar bhonn thorthaí QQI FET/FETAC Leibhéal 5/6 ar an gcúrsa/na cúrsaí a bhfuil an t-iarratasóir ag cur isteach air/orthu.

Bíonn cuóta do líon na n-áiteanna atá curtha ar leataobh d'iarratasóirí QQI i gceist le roinnt cúrsaí. Sa chás seo déanfar iarratasóirí a mheas i mBabhta a Náid (go luath i mí Lúnasa) bunaithe ar a dtorthaí QQI. Mura bhfaigheann tú tairiscint sa bhabhta tairisceana seo, agus má líontar cuóta na n-áiteanna atá ar fáil d'iarratasóirí QQI FET/FETAC, is féidir tú a mheas i mBabhta a hAon agus sna babhtaí ina dhiaidh sin bunaithe ar do thorthaí Ardeistiméireachta nó ar cháilíochtaí fágála scoile eile.

Ní bhíonn cuóta maidir le líon na n-áiteanna atá curtha ar leataobh d'iarratasóirí QQI i gceist le roinnt cúrsaí. Sa chás seo, déanfar tú a mheas den chéad uair i mBabhta a hAon, bunaithe ar na torthaí is airde a fuair tú in aon iarracht amháin, is é sin, do thorthaí QQI nó cáilíochtaí eile má tá torthaí eile á gcur ar fáil agat, torthaí scrúduithe na hArdeistiméireachta, mar shampla.

Céard is Cúrsa a bhfuil/nach bhfuil Cuóta i gceist leis ann?

Bíonn cuóta do líon na n-áiteanna atá curtha ar leataobh d'iarratasóirí QQI i gceist le roinnt cúrsaí. Déanfar iarratais ar chúrsaí QQI a bhfuil cuóta ag baint leo a mheas i mBabhta a Náid (go luath i mí Lúnasa). Déanfar iarratais ar chúrsaí nach bhfuil cuóta ag baint leo a mheas den chéad uair i mBabhta a hAon, in éineacht le fágálaithe scoile eile.

Is féidir le hiarratasóirí seiceáil an mbaineann cuóta QQI leis na cúrsaí a bhfuil siad ag cur isteach orthu ag baint úsáid as an nasc thíos:

www.cao.ie/qqisearch

Cuir isteach cód cuí an chúrsa agus brúigh ar **Lean ar Aghaidh**.

Tiocfaidh leathanach aníos ansin ina leagtar amach na Mórdhámhachtainí agus aon dhámhachtainí comhpháirte riachtanacha a theastaíonn le go ndéanfar tú a mheas don chúrsa. Sa cholún deireanach a bhfuil 'Nótaí' mar theideal air, beidh cóid a léiríonn más cúrsa a bhfuil nó nach bhfuil cuóta i gceist atá ann (Beidh cóid ann freisin a bhaineann le cur le chéile dhámhachtainí comhpháirte ó níos mó ná bliain acadúil amháin ar mhaithe le cuspóirí scórála):

Std - An scór a úsáidtear le hiarratasóirí a rangú i measc fágálaithe scoile agus an dream a bhfuil QQI FET/FETAC á chur i láthair acu.

Qta - An scór a úsáidtear le hiarratasóirí QQI FET/FETAC a rangú lena gcur san áireamh le haghaidh iontráil i gcúrsaí a bhfuil cuótaí i gceist iontu d'iarratasóirí QQI FET/FETAC.

One - An scór is fearr i seisiún amháin measúnaithe QQI FET/FETAC a úsáidtear ar mhaithe le cuspóirí rangaithe.

Cmb - An scór is fearr i meascán ar bith de sheisiúin mheasúnaithe QQI FET/FETAC a úsáidtear ar mhaithe le cuspóirí rangaithe.

Art - Comhcheanglófar an measúnú QQI FET/FETAC le measúnú a chuir an Institiúid Ardoideachais a bhfuil an cúrsa á chur ar fáil aici i gcrích (m.sh., measúnú punann ealaíne nó éisteacht).



TABHAIR FAOI DEARA: rachaidh muid i dteagmháil le hiarratasóirí tríd an ríomhphost. Nuair a sheolann muid ríomhphoist, seolann muid iad chuig an seoladh ríomhphoist a cláraíodh ar d'iarratas CAO. Cinntigh le do thoil go gcoimeádann tú súil ar an mbosca ríomhphoist seo le haghaidh teachtaireachtaí ón CAO. D'fhéadfá a bheith siar go mór leis mura ndéanann tú amhlaidh.

3. Iarratasóirí A/AS-Leibhéal GCE agus GCSE (2006-2024)

TÁBHACHTACH: Is gá d'iarratasóirí a bhfuil A/AS-Leibhéal GCE & GCSE á chur in iúl acu an méid seo a leanas a léamh go cúramach agus ina iomláine.

Iarratas a leagan isteach chuig an CAO ar bhonn A/AS-Leibhéil GCE & GCSEanna:

Is gá d'iarratasóirí a gcuid sonraí scrúdaithe a shonrú sna táblaí a chuirtear ar fáil sa rannán seo.

Cén fhaisnéis atá ag teastáil maidir le scrúduithe na bliana reatha?

Faoin tábla dar teideal **Scrúduithe GCE/GCSE A dTABHARFAR FÚTHU:** ní mór duit an Bord Scrúdaithe, Uimhir an Ionaid, Uimhir an Iarratasóra, Ábha(i)r agus an Leibhéal a thabhairt sna spásanna atá tugtha.

Cén chaoi a ndéanaim sonraí scrúdaithe ón mbliain roimhe sin a thaifeadadh?

Is gá d'iarratasóirí sonraí scrúduithe a rinne siad roimh an mbliain reatha a chur isteach sa tábla dar teideal **Sonraí Scrúdaithe A/AS GCE agus/nó GCSE 2006-2023** (ba cheart scrúduithe GCE/GCSE a rinneadh roimh 2006 a chur isteach faoi bhosca 4 **Scrúduithe Fágála Scoile Eile**).

- Tá fáil ar liosta **d'ábhair a aithníonn** institiúidí ardoideachais anseo:

www.nui.ie/college/entry-requirements.asp

Tá an liosta seo nasctha le roghchlár anuas Ábhar sa tábla dar teideal "Sonraí Scrúdaithe A/AS GCE agus/nó GCSEanna 2006-2023". Is féidir teacht ar mhíniú maidir leis an "" atá le feiceáil in aice le roinnt ábhar i roghchlár anuas an tábla seo i liosta Ollscoil na hÉireann atá ceangailte thuas.

Ní chuireann na hinstiúidí ardoideachais san áireamh an t-ábhar A-leibhéal '**Staidéir Ghinearálta**', mar sin, ní gá duit an t-ábhar seo a chur sa tábla.

Ag leibhéal GCSE, níor chóir **Eolaíocht (Dhá Dhámhachtain)** a chur isteach sa tábla ach uair amháin. Ba cheart d'iarratasóirí an grád is airde de na gráid a bronnadh orthu a chur isteach.

Má chuir tú **EPQ** (Cáilíocht Bhreisithe Tionscadail) i gcrích, roghnaigh AS mar leibhéal agus roghnaigh EPQ (Cáilíocht Bhreisithe Tionscadail) mar ábhar.

Má rinne tú scrúdú in ábhar atá ar liosta Ollscoil na hÉireann thíos ach nach bhfuil ábhar comhfhreagrach ann dó sa roghchlár anuas, roghnaigh **Eile** le do thoil.

Ba cheart d'iarratasóirí a bheidh scrúduithe á gcur i gcrích acu i suí **Geimhridh/Earraigh – Mí Eanáir/Mí an Mhárta** cóip dheimhnithe dá gcuid torthaí a sheoladh chuig an CAO tríd an bpost. Déanfaidh an CAO socrú chun na torthaí seo a chur le tábla scrúduithe na bliana roimhe sin d'iarratasóirí.

Déan cinnte le do thoil go gcuireann tú isteach an bhliain, suí, leibhéal agus grád ceart a bhaineann le torthaí na scrúduithe ar fad a rinne tú roimhe seo, scrúduithe GCSE san áireamh, mar teastaíonn siad seo le híosriachtanais iontrála cúrsaí a shásamh.

Ní féidir ach ábhar amháin a roghnú in aghaidh an tsuí.

Cad iad na doiciméid nach mór dom a leagan isteach?

Is GÁ duit **fótachóipeanna deimhnithe de theastais/ráitis** torthaí scrúduithe (seachas scrúduithe shamhradh 2024) a sheoladh tríd an bpost chuig **CAO, Teach an Túir, Sráid Eglinton, Gaillimh, H91 X25V, Éire** láithreach. Ní mór do na boird scrúdaithe (ina bhfuil lógó den Bhord Scrúdaithe) deimhnithe nó ráitis torthaí a eisiúint. Ní leor doiciméid a chuirfidh scoileanna ar fáil.

Is éard is fótachóip dheimhnithe ann, nuair a dhéanann tú fótachóip de do chuid teastas/ráiteas, agus ansin go dtugann tú na bunchóipeanna agus na fótachóipeanna chuig daoine nó comhlacht cuí (Scoil, Coláiste, Ollscoil, Stáisiún Gardaí, Oifig Iontrála, Nótaire) áit a ndéanfaidh siad an fhótachóip a stampáil le cur in iúl gur fíorchóip den bhunleagan atá ann.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi dhoiciméid tacaíochta a leagan isteach, téigh chuig leathanach 99 de Lámhleabhar an CAO.

Céard a tharlóidh má sheolaim an doiciméad mícheart isteach nó má dhéanaim dearmad doiciméad a sheoladh isteach?

Nuair a bheidh do chuid doiciméad tacaíochta againn, déanfaidh muid iad a sheiceáil in éadan an eolais a chuir tú ar fáil i d'iarratas ar líne. **Mura gcuireann tú doiciméid ar fáil le tacú le d'iarratas, ní chuirfear torthaí a chuir tú in iúl san áireamh chun críocha measúnaithe.** Is tusa, an t-iarratasóir, atá freagrach as na doiciméid chearta a sheoladh.

Céard a tharlaíonn nuair a fhaighim mo thorthaí ó scrúduithe samhraidh 2024?

Tá sé i gceist againn torthaí scrúduithe 'A' agus 'AS'-Leibhéal Samhradh 2024 na Breataine agus Thuaisceart Éireann a bhailiú go leictreonach ó údaráis scrúdaithe i Mí Lúnasa. Chun seo a dhéanamh, is gá go mbeadh d'ionad ceart agus d'Uimhir cheart larratasóra againn. Nuair a eisítear na torthaí i mí Lúnasa seolfaidh muid ríomhphost chugat le treoracha maidir le do chuntas a sheiceáil do thorthaí 'GCSE', 'A' agus 'AS' atá ar taifead ag an CAO. Is gá fótachóipeanna deimhnithe de thorthaí deimhnithe scrúdaithe nach bhfuil ag teacht aníos i do chuntas a sheoladh tríd an bpost chuig an CAO gan mhoill.

Moltar d'iarratasóirí atá ag tabhairt faoi A-Leibhéal taobh amuigh den Ríocht Aontaithe socrúithe a dhéanamh le torthaí a sheoladh chuig an CAO a luaithe agus a bhíonn fáil acu orthu. Ní féidir an CAO gealladh go mbeadh rochtain leictreonach againn ar na torthaí seo.

Cathain a chuirfear mé ar an eolas maidir le tairiscint?

Meastar iarratasóirí a leag iarratas isteach ar bhonn cáilíochtaí GCE/GCSE do thairiscintí i mBabhta a hAon agus sna babhtaí ina dhiaidh sin.

NÓTAÍ:

Ní mór Boird seachas CCEA, CAIE (Cambridge), AQA, Pearson (Edexcel), OCR, WJEC, EDUQAS a chuir faoi Scrúduithe Fágála Scoile Eile.

Ceanglaítear ar iarratasóirí na bliana reatha ar Cambridge Pre-U agus ar Cháilíochtaí Breisithe Tionscadail bord, ionad agus uimhreacha iarratasóirí a chur isteach faoi GCE/GCSE. Ba cheart fótachóipeanna deimhnithe de na cáilíochtaí seo a sheoladh chuig oifigí CAO a luaithe a bheidh fáil orthu. Ba cheart Cambridge Pre-U ón mbliain roimhe sin a chur isteach faoi Scrúduithe Fágála Scoile Eile (bosca 4).

Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le cáilíochtaí agus measúnuithe d'iarratasóirí GCE, téigh chuig cao.ie/gce



TABHAIR FAOI DEARA: rachaidh muid i dteagmháil le hiarratasóirí tríd an ríomhphost. Nuair a sheolann muid ríomhphost seolann muid iad chuig an seoladh ríomhphoist a cláraíodh ar d'iarratas CAO. Cinntigh le do thoil go gcoimeádann tú súil ar an mbosca ríomhphoist seo le haghaidh teachtaireachtaí ón CAO. D'fhéadfá a bheith siar go mór leis mura ndéanann tú amhlaidh.

4. Iarratasóirí Fágála Scoile Eile

TÁBHACHTACH: Is gá d'iarratasóirí a bhfuil Scrúduithe Fágála Scoile Eile á leagan isteach acu an méid seo a leanas a léamh go cúramach agus ina iomláine.

Céard iad Scrúduithe Fágála Scoile Eile?

Áirítear sa chatagóir **Scrúduithe Fágála Scoile Eile** an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dó:

- Scrúduithe Fágála Scoile lasmuigh den Ríocht Aontaithe & d'Éirinn
- Baccalaureate
- Scrúduithe Albanacha
- Ardeistiméireacht na hÉireann a rinneadh roimh 1985
- GCE/GCSEna na Ríochta Aontaithe a rinneadh roimh 2006
- Scrúdú na hArdteistiméireachta Feidhmí
- BTEC Leibhéal 3
- GNVQanna
- VCEanna
- Scrúduithe Máithreánacha na hÉireann
- Pre-U nach mbaianeann leis an mbliain reatha
- ICCE, FSMQ, agus Dámhachtainí Teicniúla Cambridge
- Cáilíochtaí nach bhfuil san áireamh cheana féin faoi chatagóirí 1, 2, 3, 5, 6, nó 7

Cén t-eolas is gá dom a chur isteach ar fhoirm iarratais an CAO?

Tabhair sonraí le do thoil faoi Scrúduithe Fágála Scoile eile agus na blianta ar cuireadh i gcrích iad i rannán Cáilíochtaí agus Measúnuithe d'iarratas CAO. Déan cur síos gearr ar na scrúduithe, lena n-áirítear sonraí maidir leis an leibhéal creatlaí Náisiúnta nó Eorpaí nuair is iomchuí.

Cad iad na doiciméid tacaíochta nach mór dom a leagan isteach?

Ceanlaítear ar iarratasóirí a bhfuil torthaí Scrúduithe Fágála Scoile eile á gcur ar fáil acu cóip dheimhnithe dá dtorthaí deiridh óna scrúdú deiridh a sholáthar – chuig an CAO tríd an bpost – a luaithe a bheidh fáil acu orthu. Ní mór aistriúchán oifigiúil a chur ar fáil le haon doiciméad nár foilsíodh i mBéarla. Ní leor ach teastais/ráiteas torthaí ó údarás scrúdaithe.

Más iarratasóir IB Bealtaine 2024 tú, iarr ar do chomhordaitheoir IB le do thoil 'An Lár-Oifig Iontrála' a liostáil i meas na n-institiúidí a mbeadh cead acu rochtain a fháil ar do chuid torthaí. Ar an gcaoi seo, nuair a eisítear torthaí, beidh an CAO in ann rochtain a fháil ar do thorthaí Bealtaine 2024 ar líne (amháin) agus iad a chur le do chomhad iarratais. Déanfaidh muidne iad a chur ar fáil do na hInstitiúidí Ardoideachais ar chuir tú isteach orthu ansin dá mbreithniú.

Céard is fótachóip dheimhnithe ann?

Is éard is fótachóip dheimhnithe ann, nuair a dhéanann tú fótachóip de do chuid teastas/ráiteas, agus ansin go dtugann tú na bunchóipeanna agus na fótachóipeanna chuig daoine nó comhlacht cuí (Scoil, Coláiste, Ollscoil, Stáisiún Gardaí, Oifig Iontrála, Nótaire) áit a ndéanfaidh siad an fhótachóip a stampáil le cur in iúl gur fíorchóip den bhunleagan atá ann.

Céard is aistriúchán oifigiúil ann?

Is ionann aistriúchán oifigiúil agus aistriúchán a chuir soláthraí gairmiúil seirbhíse aistriúcháin ar fáil.

Cén cruthúnas d'inniúlacht sa Bhéarla nach mór dom a leagan isteach?

D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar iarratasóirí chomh maith cruthúnas a chur ar fáil ar **inniúlacht sa Bhéarla**. Le haghaidh breis eolais maidir le hinniúlacht sa Bhéarla féach le do thoil an cháipéis atá ar fáil ag an nasc thíos nó téigh i dteagmháil le hOifig Iontrála na hInstitiúide ar mhaith leat iarratas a chur isteach uirthi:

cao.ie/euefta

Cá háit a seolfaidh mé mo chuid doiciméad?

Caithear doiciméid a sheoladh tríd an bpost chuig: **an CAO, Teach an Túir, Sráid Eglinton, Gaillimh, H91 X25V, Éire**. Ná seol isteach cóipeanna de thorthaí ar ríomhphost ná ar an bhfacs chuig CAO. Ní ghlactar mar chruthúnas dóthanach ar do thorthaí doiciméid a seoladh ar ríomhphost nó ar an bhfacs, ná litreacha ná asphriontaí ón scoil ina liostaítear do thorthaí.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi dhoiciméid tacaíochta a leagan isteach, téigh chuig leathanach 99 de Lámhleabhar an CAO.

Cathain a chuirfeadh mé ar an eolas maidir le tairiscint?

Meastar iarratasóirí a leag iarratas isteach ar bhonn cáilíochtaí Fágála Scoile Eile (in ainneoin bhliain a gcríochnaithe) do thairiscintí i mBabhta a hAon agus sna babhtaí ina dhiaidh sin.

Céard é an spríodháta le mo chuid doiciméad a leagan isteach?

Moltar d'iarratasóirí a gcuid doiciméad tacaíochta a leagan isteach chuig an CAO a luaithe agus is féidir. Maidir le scrúduithe a rinneadh cheana féin, ba cheart cruthúnas a sheoladh chuig an CAO taobh istigh de 10 lá ó chláraigh tú leis an CAO. Is gá cruthúnas a bhaineann le torthaí scrúduithe a bheidh á ndéanamh sa bhliain reatha a chur chuig an CAO a luaithe agus a bhíonn siad ar fáil, agus is gá go mbeidh siad ag an CAO 12 lá ar a laghad roimh an mbabhta ábhartha tairiscintí. Féadfaidh sé go measfaidh Institiúidí Ardoideachais doiciméid a fhaightear i ndiaidh an dáta seo, ach tá baol ann nach measfar iad go dtí an chéad bhabhta eile.

Cén chaoi a ndéanfar mo chuid cáilíochtaí a mheas?

Déanann na hInstitiúidí Ardoideachais cáilíochtaí Fágála Scoile Eile a mheas. Beidh ar iarratasóirí teagmháil a dhéanamh le hOifigí Iontrála na hInstitiúidí Ardoideachais éagsúla chun eolas a fháil ar an gcaoi a ndéanfar cáilíochtaí a mheas.

Tiocfaidh tú ar shonraí teagmhála na hInstitiúidí Ardoideachais ag an nasc thíos:

cao.ie/hei

Is féidir teacht ar eolas maidir leis an gcaoi a dtugann Institiúidí Ardoideachais faoina measúnú agus scóráil sa cháipéis atá ag an nasc thíos:

cao.ie/euefta

Tabhair faoi deara: I gcás iarrthóirí a rugadh lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, a fuair a gcuid scolaíochta iomláine lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, agus a bhfuil cáilíochtaí seachas an Ardeistiméireacht á gcur isteach acu chun máithreánú, déantar iad sin a dhíolmhú go huathoibríoch ó Ghaeilge agus ní gá dóibh iarratas a dhéanamh ar Ollscoil na hÉireann.



TABHAIR FAOI DEARA: rachaidh muid i dteagmháil le hiarratasóirí tríd an ríomhphost. Nuair a sheolann muid ríomhphost, seolann muid iad chuig an seoladh ríomhphost a cláraíodh ar d'iarratas CAO. Cinntigh le do thoil go gcoimeádann tú súil ar an mbosca ríomhphost seo le haghaidh teachtaireachtaí ón CAO. D'fhéadfá a bheith siar go mór leis mura ndéanann tú amhlaidh. Is féidir cóip de gach ríomhphost a seoladh ón CAO a fheiceáil sa rannán Comhfhreagrais i do chuntas CAO.

5. Breisoideachas Eile

TÁBHACHTACH: Is gá d'iarratasóirí a bhfuil Breisoideachas Eile á chur in iúl acu an méid seo a leanas a léamh go cúramach agus ina iomláine.

Céard iad na cáilíochtaí a chuirtear san áireamh faoi Bhreisoideachas Eile?

Ba cheart d'iarratasóirí **Breisoideachas Eile** a roghnú má tá cáilíochtaí nó dámhachtainí acu nach gclúdaítear faoi chatagóirí 1-4, mar shampla:

- Dámhachtainí City & Guilds
- Dámhachtainí SOLAS/FÁS
- BTEC Leibhéal 4 nó níos airde
- Cúrsaí iar-Ardteistiméireachta (seachas cúrsaí QQI Leibhéal 5 agus 6 a chlúdaítear i gcatagóir 2)
- FETAC Leibhéal 5/6 (NVCA Leibhéal 2/3) a rinneadh roimh 2002.

Cén fhaisnéis ba cheart dom a chur isteach?

Ba cheart d'iarratasóirí cur síos gearr a dhéanamh sna leathanaigh bhreise ar aon taithí speisialta nó ar aon cháilíochtaí ATÁ LUAITE I bhFOILSEACHÁIN NA n-INSTITIÚIDÍ ARDOIDEACHAIS

mar cháilíochtaí atá ábhartha agus tú ag déanamh iarratais. Má bhaineann sé leat, cuir na dátaí, ionaid, na hábhair agus na torthaí (más eol duit iad) isteach.

Ba cheart d'iarratasóirí aon cháilíochtaí Breisoideachais/Oiliúna eile a mheasann siad a bheith ábhartha a lua. Déan cinnte NACH luann tú aon rud nach bhfuil baint dhíreach aige le d'iarratas mar go bhféadfadh sé seo moill a chur ar d'iarratas.

Cén fhaisnéis atá ag teastáil maidir le FETAC Leibhéal 5/6 (NCVA Leibhéal 2/3) 2002 nó níos luaithe?

Ba cheart d'iarratasóirí atá ag leagan FETAC Leibhéal 5/6 (NCVA Leibhéal 2/3) ó **2002 nó níos luaithe** isteach a bheith ar an eolas maidir leis an méid seo a leanas:

- Luaigh aon scrúduithe a rinne tú roimh 2002 atá curtha i gcrích go hiomlán, agus an bhliain a ndearnadh an cháilíocht a dheimhniú.
- **Cuir tic i mbosca 2 má tá dámhachtain leibhéal 5 nó 6 QQI/FETAC a chuir tú i gcrích ó 2002 agat nó má tá sí á cur i gcrích agat faoi láthair.**
- Más mian leat go ndéanfaí scrúduithe FETAC Leibhéal 5/6 a rinne tú roimhe seo a chónascadh le do scrúduithe QQI FET/FETAC Leibhéal 5/6 don bhliain reatha, ba chóir duit dul i dteagmháil le QQI lena chinntiú go bhfaigheann an CAO na comhthorthaí i gcomhad torthaí scrúduithe na bliana seo. D'fhéadfadh sé go mbeadh dámhachtainí QQI FET/FETAC Leibhéal 5/6 ar leith riachtanach le háit a fháil ar chúrsaí áirithe. Féach ar fhoilseacháin na hinstitiúide ardoideachais cuí lena chinntiú go bhfuil glacadh le do chúrsa FETAC Leibhéal 5/6 sa chéad áit agus téigh chuig www.cao.ie/qqi chun breis eolais a fháil. Tá Dámhachtain iomlán QQI FET/FETAC Leibhéal 5/6 riachtanach; Ní leor Taifead Gaiscí QQI FET/FETAC Leibhéal 5/6.



Cad iad na doiciméid tacaíochta nach mór dom a leagan isteach?

Is gá d'iarratasóirí fótachóipeanna A4 deimhnithe de theastais a sheoladh isteach (tríd an bpost) mar thaca le haon cáilíochtaí a luaitear sa rannán seo.

Cá háit a seolfaidh mé mo chuid doiciméad?

Caithear doiciméid a sheoladh tríd an bpost chuig: **an CAO, Teach an Túir, Sráid Eglinton, Gaillimh, H91 X25V, Éire**. Ná seol isteach cóipeanna de thorthaí ar ríomhphost ná ar an bhfacs chuig CAO. Ní ghlactar mar chruthúnas dóthanach ar do thorthaí doiciméid a seoladh ar ríomhphost nó ar an bhfacs, ná litreacha ná asphriontaí ón scoil ina liostaítear do thorthaí. Ní leor ach teastais/ráitis torthaí ó údarás scrúdaithe. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi dhoiciméid tacaíochta a leagan isteach, téigh chuig leathanach 99 de Lámhleabhar an CAO le do thoil.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi dhoiciméid tacaíochta a leagan isteach, téigh chuig leathanach 100 de Lámhleabhar an CAO.

Céard é an spríodháta le mo chuid doiciméad a leagan isteach?

Moltar d'iarratasóirí a gcuid doiciméad tacaíochta a leagan isteach chuig an CAO a luaithe agus is féidir. Maidir le scrúduithe a rinneadh cheana féin, ba cheart cruthúnas a sheoladh chuig an CAO taobh istigh de 10 lá ó chláraigh tú leis an CAO. Is gá cruthúnas a bhaineann le torthaí scrúduithe a bheidh á ndéanamh sa bhliain reatha a chur chuig an CAO a luaithe agus a bhíonn siad ar fáil, agus is gá go mbeidh siad ag an CAO 12 lá ar a laghad roimh an mbabhta ábhartha tairiscintí.

Cén chaoi a ndéanfar mo chuid cáilíochtaí a mheas?

Déanann na hInstitiúidí Ardoideachais cáilíochtaí Breisoideachais Eile a mheas. Beidh ar iarratasóirí teagmháil a dhéanamh le hOifigí Iontrála na nInstitiúidí Ardoideachais éagsúla chun eolas a fháil ar an gcaoi a ndéanfar cáilíochtaí a mheas. Tiocfaidh tú ar shonraí teagmhála na nInstitiúidí Ardoideachais ag an nasc thíos:

cao.ie/hei



TABHAIR FAOI DEARA: rachaidh muid i dteagmháil le hiarratasóirí tríd an ríomhphost. Nuair a sheolann muid ríomhphost, seolann muid iad chuig an seoladh ríomhphost a cláraíodh ar d'iarratas CAO. Cinntigh le do thoil go gcoimeádann tú súil ar an mbosca ríomhphost seo le haghaidh teachtaireachtaí ón CAO. D'fhéadfá a bheith siar go mór leis mura ndéanann tú amhlaidh. Is féidir cóip de gach ríomhphost a seoladh ón CAO a fheiceáil sa rannán Comhfhreagrais i do chuntas CAO.

6. Ardoideachas Tríú Leibhéal

TÁBHACHTACH: Is gá d'iarratasóirí a bhfuil cáilíochtaí Ardoideachais Tríú Leibhéal á leagan isteach acu an méid seo a leanas a léamh go cúramach agus ina iomláine.

Cé ar cheart dó tic a chur leis an gcatagóir seo?

Ba cheart d'iarratasóirí a d'fhreastail ar institiúid ardoideachais ag am ar bith, in áit ar bith, agus ar feadh tréimhse ar bith ama an chatagóir seo a roghnú. Is gá an chatagóir seo a roghnú is cuma ar éirigh leat nó nár éirigh leat sna scrúduithe a rinne tú nó mura ndearna tú na scrúduithe. Mura gcuireann tú an fhaisnéis chuí ar fáil, d'fhéadfaí d'iarratas a chur ar ceal. Déantar rudaí a sheiceáil lena chinntiú nach bhfuil an fhaisnéis sin fágtha ar lár.

Cá háit a seolfaidh mé mo chuid doiciméad?

Caithear doiciméid a sheoladh tríd an bpost chuig: **an CAO, Teach an Túir, Sráid Eglinton, Gaillimh, H91 X25V, Éire.** Ná seol isteach cóipeanna de thorthaí ar ríomhphost ná ar an bhfacas chuig CAO. Ní ghlactar mar chruthúnas dóthanach ar do thorthaí doiciméid a seoladh ar ríomhphost nó ar an bhfacas, ná litreacha ná asphrintaí ón scoil ina liostaítear do thorthaí. Ní leor ach teastais/ráitis torthaí ó údarás scrúduithe.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi dhoiciméid tacaíochta a leagan isteach, téigh chuig leathanach 99 de Lámhleabhar an CAO.

Na Chéad Chéimeanna Eile/Doiciméid Tacaíochta:

1. Má tá cúrsa **críochnaithe** agat, ansin ba chóir duit cóip dheimhnithe de thuairisc acadúil a sholáthar (tríd an bpost).
2. Má **tharraing tú amach** as cúrsa sula raibh sé críochnaithe agat, ansin ba cheart duit teastas tinrimh a sholáthar (tríd an bpost) a thaispeánann na dátaí a thosaigh agus a tharraing tú amach as an gcúrsa.
3. Má tá tú **fós ag freastal** ar institiúid ardoideachais, tabhair sonraí iomlána (ar an bhfoirm ar líne) maidir leis an institiúid/na hinstitiúidí, cúrsa(i) a rinneadh, na dátaí freastail, stádas faoi láthair, agus torthaí a fuarthas (agus an t-iarratas á dhéanamh agat). Cuir fótachóipeanna deimhnithe de thorthaí scrúduithe atá faighte agat go dtí seo (más ann dóibh) ar fáil (tríd an bpost). Ní gá duit na doiciméid atá luaite i bpointí 1 agus 2 thuas a sholáthar.

Céard é an spriocdháta le mo chuid doiciméad a leagan isteach?

Moltar d'iarratasóirí a gcuid doiciméad tacaíochta a leagan isteach chuig an CAO a luaithe agus is féidir. Maidir le scrúduithe a rinneadh cheana féin, ba cheart cruthúnas a sheoladh chuig an CAO taobh istigh de 10 lá ó chláraigh tú leis an CAO. Is gá cruthúnas a bhaineann le torthaí scrúduithe a bheidh á ndéanamh sa bhliain reatha a chur chuig an CAO a luaithe agus a bhíonn siad ar fáil, agus is gá go mbeidh siad ag an CAO 12 lá ar a laghad roimh an mbabhta ábhartha tairiscintí.

Cén chaoi a ndéanfar mo chuid cáilíochtaí a mheas?

Déanann na hInstitiúidí Ardoideachais cáilíochtaí Ardoideachais Tríú Leibhéal a mheas. Beidh ar iarratasóirí teagmháil a dhéanamh le hOifigí Iontrála na hInstitiúidí Ardoideachais éagsúla chun eolas a fháil ar an gcaoi a ndéanfar cáilíochtaí a mheas. Tiofadh tú ar shonraí teagmhála na hInstitiúidí Ardoideachais ag an nasc thíos:

cao.ie/hei



TABHAIR FAOI DEARA: rachaidh muid i dteagmháil le hiarratasóirí tríd an ríomhphost. Nuair a sheolann muid ríomhphost, seolann muid iad chuig an seoladh ríomhphost a cláraíodh ar d'iarratas CAO. Cinntigh le do thoil go gcoimeádann tú súil ar an mbosca ríomhphost seo le haghaidh teachtaireachtaí ón CAO. D'fhéadfaí a bheith siar go mór leis mura ndéanann tú amhlaidh. Is féidir cóip de gach ríomhphost a seoladh ón CAO a fheiceáil sa rannán Comhfhreagrais i do chuntas CAO.

7. Iarratasóirí Lánfhásta

TÁBHACHTACH: Is gá d'iarratasóirí a bhfuil iarratas d'iarratasóirí Lánfhásta á dhéanamh acu an méid seo a leanas a léamh go cúramach agus ina iomláine. Ba cheart d'iarratasóirí féachaint freisin ar cao.ie/mature chun tuilleadh eolais a fháil.

Céard is iarratasóir Lánfhásta ann?

Go hiondúil, ba cheart d'iarratasóirí lánfhásta a bheith **23 bliana d'aois ar an 1 Eanáir** nó roimhe sa bhliain iontrála.

Cathain is ceart d'iarratasóir Lánfhásta cur isteach ar an CAO?

Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh iarratasóirí Lánfhásta cláraithe ar chóras an CAO faoin 1 Feabhra ag 5pm. Ní mheasfaidh formhór na nInstitiúidí Ardoideachais iarratasóirí atá ag cur iarratas isteach ar bhonn aibíochta agus a dhéanann iarratas i ndiaidh 1 Feabhra. Ní mór an Fhoirm d'iarratasóirí Lánfhásta (cuid den fhoirm iarratais CAO) a chomhlánú faoin 1 Márta 2024, ag 5pm (léigh na treoracha ar www.cao.ie/mature sula gcomhlánaíonn tú an rannán seo.)

Tabhair faoi deara: Tá rialacha difriúla ag roinnt institiúidí ardoideachais maidir le haois iarratasóirí agus freisin maidir leis an tslí ina dtugann siad sainmhíniú ar 'iarratasóirí lánfhásta', etc., agus glacann cuid acu le hiarratais a thagann chucu tar éis an 1 Feabhra.

Céard iad na riachtanais iontrála d'iarratasóirí lánfhásta?

Sula gcuireann tú tús le d'iarratas CAO ba cheart duit roinnt ama a ghlacadh le hathbheithniú a dhéanamh ar réamheolairí agus láithreáin ghréasáin na n-institiúidí a bhfuil spéis agat cur isteach orthu le tuilleadh eolais a fháil. Má tá ceisteanna agat, déan teagmháil le hOifigigh Iontrála na n-institiúidí éagsúla agus iarr orthu na riachtanais iontrála a mhíniú agus a chur in iúl má tá cuóta áiteanna i gceist.

Féach rannán Iarratais Dhíreacha Lámhleabhar an CAO (leathanach 32) le comhairle maidir le cé acu ar chóir iarratas a dhéanamh tríd an CAO nó go díreach (nó an dá rud).

Cén fhaisnéis a theastaíonn ar an bhFoirm Iarratais d'iarratasóirí Lánfhásta?

Teastaíonn ó na hInstitiúidí ardoideachais iarratais ó iarratasóirí lánfhásta a mheas go han-chúramach agus, mar sin, caithear faisnéis ar leith a chur ar fáil leis an bhFoirm Iarratais d'iarratasóirí Lánfhásta (féach www.cao.ie/mature chun níos mó eolais a fháil maidir le rannáin 1-11 a chomhlánú):

1. An Cháilíocht is Airde go dtí seo.
2. Staidéar Reatha
3. Oideachas Iar-bhunoideachais
4. Oideachas Dara Leibhéal
5. Cúrsaí Neamhtheastais
6. Fostaíocht nó Obair Dheonach
7. Cumas sa Bhéarla (má bhaineann sé le hábhar)
8. Teistiméireachtaí
9. Ráiteas Spéise
10. Caitheamh Aimsire/Suimeanna
11. Faisnéis Bhreise

Tabhair faoi deara: Cuirtear scrúduithe fágála scoile agus torthaí QQI FET/FETAC a chuireann iarratasóirí lánfhásta ar fáil san áireamh sa ghnáthiomaíocht d'áiteanna. Is gá d'iarratasóirí a chinntiú go gcuireann siad seo in iúl trí thic a chur sna ranná(i)n c(h)uí in Achoimre na gCáilíochtaí agus na Measúnuithe agus an t-eolas atá ag teastáil sna rannáin sin a chur ar fáil.

Iarratasóirí lánfhásta ar:

- Altranas/Cnáimhseachas
- Bunmhúinteoireacht
- Cúrsaí iontrála do chéimithe

ní gá d'iarratasóirí lánfhásta Rannáin 1-11 d'iarratasóirí Lánfhásta a chomhlánú ACH AMHÁIN má tá siad ag cur isteach ar chúrsaí eile agus más mian leo a bheith san áireamh ar bhonn lánfhásta do na cúrsaí sin. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi chlár altranais/ chnáimhseachais/ chéimithe, téigh chuig rannán Agallamh agus Measúnuithe de Lámhleabhar an CAO (leathanach 23).

Má tá iarratas á dhéanamh agat ar iontráil mar iarratasóir lánfhásta chuig bunmhúinteoireacht in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Oideachais Marino, Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach nó Ollscoil Mhá Nuad, ní mór duit iarratas a dhéanamh ar an CAO faoin 1 Feabhra, ag 5pm. I mí an Mhárta, gheobhaidh na daoine a chomhlíonann na critéir cháilitheachta ríomhphost (chuig an gcuntas ríomhphoist atá cláraithe lena gcuntas CAO) le treoracha maidir leis an bhfoirm fhorlíontach a chomhlánú agus a chur isteach.

Céard iad na doiciméid tacaíochta a theastaíonn?

Ba cheart d'iarratasóirí na doiciméid seo a leanas a chur isteach tríd na bpost:

- Cruthúnas d'aon cháilíochtaí a luadh ar an bhFoirm Iarratais d'Iarratasóirí Lánfhásta (laistigh de 10 lá ó cláraíodh leis an CAO)
- Faisnéis fhorlíontach nach raibh tú in ann a chur isteach sa spás a cuireadh ar fáil
- Doiciméid ar bith atá ag teastáil ó gach ceann de na hinstitiúidí a bhfuil tú ag cur isteach orthu
- Murab é an Béarla do chéad teanga, ní mór duit cumas sa Bhéarla a léiriú.

Le haghaidh breis eolais, déan teagmháil le hOifig Iontrála na hinstitiúide/n-institiúidí ar mhaith leat iarratas a chur isteach uirthi/orthu.

Céard é an spriocdháta le mo chuid doiciméad a leagan isteach?

Ní mór d'iarratasóirí a gcuid doiciméad tacaíochta a leagan isteach chuig an CAO laistigh de 10 lá ón am a cláraíodh ar líne leis an CAO.

Cén chaoi a ndéanfar mo chuid cáilíochtaí a mheas?

Déanann na hInstitiúidí Ardoideachais féin Iarratasóirí Lánfhásta atá ag cur iarratas isteach ar bhonn aibíochta a mheas. Beidh ar Iarratasóirí teagmháil a dhéanamh le hOifigí Iontrála na nInstitiúidí Ardoideachais éagsúla chun eolas a fháil ar an gcaoi a ndéanfar a gcáilíochtaí a mheas. Tiocfaidh tú ar shonraí teagmhála na nInstitiúidí Ardoideachais ag an nasc thíos:

cao.ie/hej

Cá háit a seolfaidh mé mo chuid doiciméad?

Caithear doiciméid a sheoladh tríd an bpost chuig: **an CAO, Teach an Túir, Sráid Eglinton, Gaillimh, H91 X25V, Éire**. Ná seol isteach cóipeanna de thorthaí ar ríomhphost ná ar an bhfacs chuig CAO. Ní ghlactar mar chruthúnas dóthanach ar do thorthaí doiciméid a seoladh ar ríomhphost nó ar an bhfacs, ná litreacha ná asphriontaí ón scoil ina liostaítear do thorthaí. Ní leor ach cóipeanna deimhnithe de theastais/ráitis torthaí ó údarás scrúdaithe.

Cathain a chuirfead mé ar an eolas maidir le tairiscint?

Cuirfead Iarratasóirí atá á meas ar bhonn aibíochta san áireamh do thairiscintí i mBabhta A, a bhíonn ar siúl go luath i mí Iúil de ghnáth. D'fhéadfaí roinnt tairiscintí breise a eisiúint d'iarratasóirí lánfhásta i mBabhta a Náid (go luath i mí Lúnasa).

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi dhoiciméid tacaíochta a leagan isteach, téigh chuig leathanach 99 de Lámhleabhar an CAO.



TABHAIR FAOI DEARA: rachaidh muid i dteagmháil le hiarratasóirí tríd an ríomhphost. Nuair a sheolann muid ríomhphost, seolann muid iad chuig an seoladh ríomhphost a cláraíodh ar d'iarratas CAO. Cinntigh le do thoil go gcoimeádann tú súil ar an mbosca ríomhphost seo le haghaidh teachtaireachtaí ón CAO. D'fhéadfaí a bheith siar go mór leis mura ndéanann tú amhlaidh. Is féidir cóip de gach ríomhphost a seoladh ón CAO a fheiceáil sa rannán Comhfhreagrais i do chuntas CAO.

IARRATAS AR DHEONTAS TÁILLE COTHABHÁLA (SUSI)

Céim 3

Tabhair le fios más mian leat go gcuirfí san áireamh tú le haghaidh Táille/Deontas Cothabhála (SUSI)

Más tá iarratas déanta agat ar dheontas SUSI, nó má tá sé i gceist agat sin a dhéanamh, tig leat é seo a chur in iúl ar d'iarratas CAO ar líne. Tabharfaidh an CAO do shonraí aitheantais, teagmhála agus tairisceana/glactha don údarás deontais (SUSI). **Díreach toisc go gcuireann tú tic sa rannán seo den fhoirm CAO ní chiallaíonn sé sin go ndearna tú iarratas ar SUSI mar sin déan cinnte go dtabharfaidh tú cuairt ar www.studentfinance.ie nó www.susi.ie chun na céimeanna riachtanacha a chur i gcrích.** Seachas na sonraí seo a chur ar fáil don údarás deontais, níl ról ar bith ag an CAO in iarratais ar dheontais a phróiseáil.

DÍOLÚINTÍ

Céim 4

Díolúine a lorg ó na híosriachtanais iontrála

Más mian leat díolúine a fháil ó na riachtanais íosta iontrála (e.g. díolúine ón nGaeilge nó ó riachtanais teanga chomhaimseartha) ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le hOifigí Iontrála na nInstitiúidí Ardoideachais chun níos mó eolais a fháil (i gcás Institiúidí Ollscoil na hÉireann, féach ar www.nui.ie le haghaidh tuilleadh sonraí). Beidh díolúintí Ollscoil na hÉireann, nuair a dhéanann Ollscoil na hÉireann iad a phróiseáil, le feiceáil i rannán Cáilíochtaí agus Measúnuithe de chuntais iarratasóirí ó go luath i mí an Mhárta.

I mí Bealtaine, gheobhaidh tú Ráiteas ar Thaifead Iarratais a thabharfaidh treoir duit logáil isteach ar chuntas CAO le seiceáil go bhfuil an t-eolas cuntais agus scrúdaithe ar fad comhlánaithe agus i gceart. Le seiceáil go ndearnadh taifeadadh ar do dhíolúine Ollscoil na hÉireann nó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, téigh chuig rannán Cáilíochtaí agus Measúnuithe d'iarratais. Má tá taifeadadh ann de dhíolúine, beidh sé le feiceáil ansin.

Má tá díolúine faighte agat ó riachtanas Gaeilge (agus/nó tríú teanga) Ollscoil na hÉireann agus mura bhfuil tagairt ar bith dó sin i do chuntas nuair a fhaigheann tú an ríomhphost maidir leis an Ráiteas ar Thaifead Iarratais, is gá duit an CAO a chur ar an eolas láithreach.

NOD:

Tá tuilleadh faisnéise maidir le díolúintí ar fáil sa rannán 'Iarratasóirí' ar www.cao.ie


cao.ie/exemptions



DO ROGHA CÚRSAÍ A CHUR IN IÚL

Céim 5

Cuir isteach do roghanna maidir le cúrsaí Leibhéal 8 agus Leibhéal 7/6 faoin 1 Feabhra le srianta a sheachaint



Cad atá i gceist le Leibhéal 6, 7 agus 8?

Tá na cúrsaí atá liostaithe sa Lámhleabhar seo rangaithe laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ). Liostaítear cúrsaí de réir an Leibhéal Gnóthachtála Foghlama NFQ is féidir a bhaint amach, mar shampla, Leibhéal 6, 7 nó 8 NFQ agus de réir an chineáil Dámhachtana NFQ is féidir a shroicheadh e.g. Céim Onóracha Bhaitsiléara.

Tá roinnt cúrsaí atá liostaithe sa lámhleabhar seo agus tugann siad chomh fada le dámhachtainí nach mórdámhachtainí iad thú. Beidh siad seo liostaithe mar is cuí mar Theastais (CT) nó mar Theastais Bunsraithe (FC) ag Leibhéal 6 NFQ agus mar Dhioplómaí (DP) ag Leibhéal 7 NFQ.

Tugann an tábla thíos faisnéis maidir leis na Leibhéil NFQ agus na Cineálacha Dámhachtainí a úsáidtear le rangú a dhéanamh ar na cúrsaí sa lámhleabhar seo:

Tábla 1.2 Leibhéil NFQ agus Cineálacha Dámhachtainí

Leibhéil NFQ	Cineál Mórdámhachtana
Leibhéal 8	Céim Onóracha Bhaitisiléara
Leibhéal 7	Gnáthchéim Bhaitisiléara
Leibhéal 6	Ardteastas

Is ortsa atá an fhreagracht a chinntiú go gcomhlíonann tú na coinníollacha agus na riachtanais íosta iontrála maidir le gach cúrsa a roghnaítear. Ní hionann iarratas a phróiseáil agus a rá go nglactar leis go bhfuil na Riachtanais Íosta Iontrála comhlíonta agat.

Cúrsaí a chur le d'iarratas

Chun do roghanna cúrsaí a chur isteach níl le déanamh agat ach logáil isteach ar an tsaoráid 'M'iarratas' agus cliceáil ar 'Cuir roghanna cúrsaí Leibhéal 8 leis' nó 'Cuir roghanna cúrsaí Leibhéal 7/6 leis'. **Tugtar rogha duit 10 gcinn de roghanna cúrsaí a thabhairt isteach ar gach liosta**, agus ní bheidh tionchar ag na roghanna a dhéanann tú ar liosta amháin ar na roghanna ar an liosta eile – an t-aon am a chaitheadh tú rogha a dhéanamh idir na liostaí is ea nuair a fhaigheann tú tairiscint ar chúrsa ón dá liosta.

Gheobhaidh tú deiseanna athruithe a dhéanamh ar do chuid liostaí de rogha cúrsaí ag úsáid na saoráide 'Athrú Intinne' – beidh srianta i bhfeidhm (féach ar leathanach 3). Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le roghanna cúrsaí a athrú, téigh chuig leathanach 26 an lámhleabhair seo agus téigh chuig www.cao.ie/com

Cathain a bheidh mé in ann mo chúrsaí a athrú/cúrsaí a chur le m'iarratas?


6 Samhain – 1 Feabhra ag 5pm	Saor in aisce
6 Feabhra – 1 Márta ag 5pm*	Táille €10
7 Bealtaine – 1 Iúil ag 5pm	Saor in aisce

*Féadfaidh iarratasóirí lánfhásta nó iad siúd ar mhaith leo cúrsa srianta a chur lena n-iarratas úsáid a bhaint as an tréimhse oscailte seo chun cúrsaí a athrú/a chur lena n-iarratas. Murar iarratasóir lánfhásta thú nó murar cúrsaí srianta iad na cúrsaí ar mhaith leat a chur le d'iarratas, is féidir leat fanacht go dtí mí na Bealtaine nó mí an Mheithimh chun athruithe a dhéanamh.

Cuardaigh do chuid cúrsaí anseo:



www.cao.ie/courses



Ord na gCúrsaí a roghnaítear

Nuair a bhíonn tú ag cur isteach do roghanna cúrsaí tá sé thar a bheith tábhachtach go dtugann tú liosta de do chuid cúrsaí bunaithe ar do roghanna pearsanta i ndáiríre agus ní ar thuairimí maidir le conas a éireoidh leat sna scrúduithe nó na pointí a cheapann tú a theastóidh le haghaidh cúrsa.

Ag an gcéim thairisceana gheobhaidh tú tairiscint ar an gcúrsa is airde ar do liosta de roghanna cúrsaí a meastar tú a bheith incháilithe ina leith, más ann dóibh. Mar shampla, má fhaigheann tú do chúrsa céadrogha Leibhéal 8 i mBabhta a hAon ní bhfaighidh tú tairiscint ar chúrsa Leibhéal 8 faoi sin i mBabhtaí ina dhiaidh sin. Má fhaigheann tú tairiscint ar an tríú cúrsa a roghnaigh tú d'fhéadfaí fós tairiscint a fháil ar an gcéad nó ar an dara cúrsa a roghnaigh tú i mBabhta thairisceana ina dhiaidh sin, ach ní bhfaighidh tú tairiscint ar an gceathrú cúrsa a roghnaigh tú ná ar aon chúrsa faoi sin.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi conas a eisítear tairiscintí agus faoi ord tosaíochta, féach ar threoracha físe an CAO ag www.cao.ie/video agus téigh chuig www.cao.ie/preference


IARRATAS AR HEAR AGUS DARE

Céim 6

Tabhair le fios más mian leat go mbreithneofaí thú don Bhealach Rochtana ar Ardoideachas (HEAR) agus iarratas a dhéanamh ar HEAR

NOD:
Íoslódáil
Lámhleabhar
HEAR

cao.ie/hear



Tábla 1.3 Institiúidí Ardoideachais atá rannpháirteach sa scéim HEAR

Institiúidí Ardoideachais atá rannpháirteach sa scéim HEAR		
Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh	Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan	Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	Coláiste Náisiúnta na hÉireann	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	NCAD	Coláiste na hOllscoile Corcaigh
Institiúid Ealaíne, Deartha & Teicneolaíochta Dhún Laoghaire	Ollscoil Mhíochaine & Eolaíochtaí Sláinte, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn	An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Institiúid Oideachais Marino	Ollscoil Phontaíúil Naomh Pádraig	Ollscoil na Gaillimhe
Coláiste Mhuire Gan Smál	Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt	Ollscoil Luimnigh
Ollscoil Mhá Nuad	Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	

Is éard atá sa Bhealach Rochtana ar Ardoideachas (HEAR) ná scéim iontrála tríú leibhéal mhalartach do lucht fágála scoile a bhfuil cónaí orthu i bPoblacht na hÉireann agus atá faoi ghannionadaíocht san Ardoideachas mar gheall ar a gcúlra socheacnamaíoch. Sula gcuirtear iarratas HEAR ar líne isteach, ba chóir duit an leabhrán HEAR atá ar fáil ar láithreán gréasáin an CAO a léamh agus an t-ábhar a phlé le do thuismitheoirí, le do chaomhnóirí nó le do threoirchomhairleoir. Tá bealaí iontrála eile ann d'iarratasóirí lánfhásta agus QQI FET/FETAC Leibhéal 5/6; tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar láithreán ghréasáin na nInstitiúidí Ardoideachais.

Ní mór d'iarratasóirí atá ag déanamh iarratais ar HEAR:

1. A bheith faoi bhun 23 bliain d'aois amhail an 1 Eanáir 2024.
2. Iarratas ar líne a chur faoi bhráid an CAO faoi 5pm ar an 1 Feabhra, 2024.
3. Tráth nach déanaí ná 5pm ar an 1 Márta 2024, ní mór duit a léiriú ar d'iarratas CAO gur mian leat iarratas a dhéanamh ar HEAR agus ní mór duit gach gné den fhoirm HEAR a chomhlánú go hiomlán agus i gceart (cuid de d'fhoirm iarratais CAO is ea an fhoirm HEAR). Nuair a bheidh foirm iarratais HEAR comhlánaithe agat, tiocfaidh seicliosta ar an scáileán ina n-inseofar duit cé na doiciméid nach mór duit a chur ar fáil.
4. Do dhoiciméid tacaíochta a chur sa phost ionas go bhfaighidh foireann CAO iad tráth nach déanaí ná 5pm ar an 15 Márta, 2024.
5. Cuir isteach fótachóipeanna A4 de do dhoiciméid tacaíochta. Ná seol isteach bunchóipeanna. D'fhéadfadh sé go dteastódh ó Institiúidí Ardoideachais go gcuirfeá na doiciméid bhunaidh ar fáil níos déanaí agus beidh aon tairiscintí a dhéantar ag brath ar an gcoinníoll seo.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi HEAR téigh chuig www.accesscollege.ie agus/nó tabhair cuairt ar láithreán ghréasáin Oifige Rochtana na n-institiúidí rannpháirteacha. Is féidir treoracha a fháil maidir le hiarratas DARE nó HEAR a chur isteach sa Lámhleabhar Iarratais HEAR ar www.accesscollege.ie agus www.cao/hear.

Tabhair faoi deara: Ní mór iarratas ar leithligh i gcomhair cúnaimh airgeadais a dhéanamh trí www.susi.ie.

Cáilitheacht HEAR a thabhairt ar aghaidh

Má measadh go raibh tú incháilithe i gcomhair HEAR in 2023, téann sé ar aghaidh ar feadh bliana ar an gcoinníoll go gcuireann tú iarratas faoi bhráid an CAO faoin 1 Feabhra 2024 ag 5pm agus go dtugann tú le fios gur mian leat iarratas a dhéanamh ar HEAR agus go gcuireann tú d'uimhir iarratais cheart le haghaidh CAO 2023 isteach sa bhosca atá ar fáil faoi 5pm, ar an 1 Márta 2024. Iarrtar ort i gcónaí gach rannán ábhartha d'fhoirm iarratais HEAR 2024 a chomhlánú, ach mar sin féin ní gá duit doiciméid tacaíochta a thabhairt mar chuid de d'iarratas.



NOD: Tá na treoracha maidir le doiciméid tacaíochta a chur faoi bhráid an CAO ar fáil sa Lámhleabhar HEAR agus ar an taobh istigh de chlúdach cúil an lámhleabhair seo (leathanach 100).

Céim 7

Tabhair le fios más mian leat Míchumas a chur in iúl agus iarratas a dhéanamh ar an mBealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DARE)

DARE | DISABILITY ACCESS ROUTE TO EDUCATION

Tábla 1.4 Institiúidí Ardoideachais atá rannpháirteach i scéim DARE

Institiúidí Ardoideachais atá rannpháirteach i scéim DARE		
Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh	Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan	An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	Coláiste Náisiúnta na hÉireann	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	NCAD	Coláiste na hOllscoile Corcaigh
Institiúid Ealaíne, Deartha & Teicneolaíochta Dhún Laoghaire	Ollscoil Mhíochaine & Eolaíochtaí Sláinte, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn	Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Institiúid Oideachais Marino	Ollscoil Phontaifiúil Naomh Pádraig	Ollscoil na Gaillimhe
Coláiste Mhuire Gan Smál	Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt	Ollscoil Luimnigh
Ollscoil Mhá Nuad	Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne	

Más mian leat míchumas a chur in iúl, cliceáil ar an gcnaipe ‘Modhnaigh Stádas Míchumais’ (agus an Iarratais DARE) ar an bhfoirm iarratais ar líne agus lean na treoracha atá tugtha – **i gcás fhormhór na n-institiúidí, ní mór duit an chuid sin de d’fhoirm iarratais a chomhlánú faoin 1 Márta, ag 5pm.** Más mian leat tuilleadh faisnéise a thabhairt faoi do Mhíchumas, comhlánaigh le do thoil an **Fhoirm um Fhaisnéis Fhorlíontach (SIF)** faoin 1 Márta, ag 5pm. Tabharfaidh sé sin deis do na hInstitiúidí Ardoideachais breithniú a dhéanamh i dtaobh aon riachtanais shonracha a d’fhéadfadh a bheith agat in institiúid ardoideachais. Tabharfar treoir duit an fhoirm SIF a chomhlánú nuair a roghnaíonn tú ‘Modhnaigh Stádas Míchumais’ ar an bhfoirm iarratais ar líne. Tá na treoracha maidir leis an bhfoirm a chomhlánú agus doiciméid a chur isteach san áireamh ar an bhfoirm ar líne.

Déanann roinnt Institiúidí Ardoideachais tionchar an mhíchumais ar d’fheidhmíocht oideachais a chur san áireamh. Má tá iarratasóirí incháilithe do DARE, d’fhéadfadh go bhfaighidís laghdú sa líon pointí le dul isteach in Institiúidí Ardoideachais rannpháirteacha. Le bheith san áireamh le hiontráil i gcúrsa, caithfidh iarratasóirí na híosriachtanais mháithreánaigh/iontrála agus na híosriachtanais maidir le hábhair a shásamh. Tá na sonraí iomlána maidir leis an **mBealach Rochtana Míchumais ar Oideachas (DARE)** agus na treoracha chun iarratas DARE a chur isteach le fáil i Lámhleabhar Iarratais DARE, ar www.accesscollege.ie agus ar www.cao/dare.

Tá bealaí iontrála eile ann d’iarratasóirí lánfhásta agus QQI FET/FETAC Leibhéal 5/6; tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar láithreáin ghréasáin na nInstitiúidí Ardoideachais.

Ní mór d’iarratasóirí atá ag déanamh iarratais ar DARE:

1. A bheith faoi bhun 23 bliain d’aois amhail an 1 Eanáir 2024.
 2. Cuir iarratas faoi bhráid an CAO faoi 5pm, an 1 Feabhra 2024.
 3. Tráth nach déanaí ná 5pm ar an 1 Márta 2024, ní mór duit an míchumas a thabhairt i d’iarratas CAO, agus ní mór duit Rannán A den **Fhoirm um Fhaisnéis Fhorlíontach (SIF)** a chomhlánú (is cuid de d’iarratas CAO an SIF). **Más mian leat a bheith san áireamh le haghaidh DARE, ní mór duit ‘tá’ a roghnú i gceist 1, Rannán A, den SIF atá comhlánaithe ina iomláine faoi 5pm, an 1 Márta 2024.**
 4. Íoslódáil Rannán B den SIF (Ráiteas ar Thionchar Oideachasúil), iarr ar do scoil é a chomhlánú duit agus seol ar ais chuig an CAO é ionas go mbeidh sé faighte ag foireann CAO faoi 5pm, an 15 Márta 2024.
 5. Íoslódáil Rannán C den SIF (Fianaise ar Mhíchumas), iarr ar ghairmí míochaine cuí é a chomhlánú (ná déan é seo ach amháin mura bhfuil tuairisc agat cheana ina ndeimhnítear do mhíchumas) agus seol ar ais chuig an CAO é ionas go mbeidh sé faighte ag foireann CAO faoi 5pm, an 15 Márta 2024.
- In ionad Rannán C, iarrtar ar iarratasóirí a bhfuil Disléicse/ Deacrachtaí Sonracha Litearthachta nó Dioscalcúile/ Deacrachtaí Sonracha Uimhearthachta acu Measúnacht Iomlán Shíceolaíoch a sholáthar, a chuir síceolaí atá cáilithe go cuí i gcrích.
- Nuair nach bhfuil Measúnacht Iomlán Shíceolaíoch ag iarratasóir a bhfuil iarratas á leagan isteach aige/aici faoin gcatagóir Disléicse/ Deacrachtaí Sonracha Litearthachta, ba cheart dó/di Rannán D (Ráiteas Scoile) a íoslódáil ina ionad sin, agus iarraidh ar an scoil an ráiteas seo a chomhlánú agus a sheoladh chuig an CAO le go mbeidh sé acu faoi 5pm, an 15 Márta 2024.

Tabhair faoi deara: Tá ceanglais áirithe ann maidir le Rannán C den SIF nuair atá iarratas á dhéanamh ar scéimeanna iontrála eile i dtaca leis an Sainchomhairleoir/Speisialtóir Liachta nach mór do mhíchumas a fhíorú, i dtaca leis an aoisteorainn maidir le tuarascálacha, agus i dtaca leis na doiciméid atá le soláthar. Féach ar www.accesscollege.ie i gcomhair tuilleadh faisnéise maidir leis na riachtanais seo.

Ní gá duit míchumas a chur in iúl ach amháin sa chás go bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar scéim iontrála eile (e.g. DARE).

Más rud é nach mian leat míchumas a nochtadh ar an bhFoirm Iarratais, féadfaidh tú nochtadh a dhéanamh tar éis clárú le hInstitiúid Ardoideachais agus déanfar freastal réasúnach ina leith an tráth sin, más féidir. Tabhair faoi deara, le do thoil, nach ndéanfaidh míchumas a nochtadh dochar do d'iarratas ar aon slí.



NOD: Tá na treoracha maidir le doiciméid tacaíochta a chur faoi bhráid an CAO ar fáil sa **Lámhleabhar DARE** agus ar an taobh istigh de chlúdach cúil (leathanach 100) an lámhleabhair seo.

Cáilitheacht DARE a thabhairt ar aghaidh


Má measadh go raibh tú incháilithe i gcomhair DARE in 2023, téann sé ar aghaidh ar feadh bliana ar an gcoinníoll go gcuireann tú iarratas faoi bhráid an CAO faoin 1 Feabhra 2024 ag 5pm agus go dtugann tú le fios gur mian leat iarratas a dhéanamh ar DARE faoi 5pm an 1 Márta 2024.

Is gá duit:

- do mhíchumas a chur in iúl ar d'iarratas CAO faoi 5pm ar an 1 Márta 2024;
- Rannán A den Fhoirm um Fhaisnéis Fhorlíontach a chomhlánú go hiomlán agus go cruinn;
- tabhair le fios gur mian leat a bheith san áireamh le haghaidh na scéime DARE ach é sin a chur in iúl ar Rannán A den SIF atá comhlánaithe go hiomlán ach tic a chur le 'Yes' ar Cheist 1 agus d'uimhir iarratais cheart ó CAO 2023 a chur isteach ag Ceist 1(b) den SIF faoi 5pm an 1 Márta 2024. Iarrtar ort fós gach rannán ábhartha ar Chuid A d'fhoirm iarratais SIF 2024 a chomhlánú, ach mar sin féin ní gá duit doiciméid tacaíochta a thabhairt mar chuid de d'iarratas.

NOD:
Íoslódáil
Lámhleabhar
DARE

cao.ie/dare




TORTHAÍ SCRÚDUI THE SAMHRAIDH 2024

Má tá do shonraí scrúduithe cearta curtha ar fáil agat don CAO (nó d'uimhir PPS d'iarratasóir ar QQI FET), faigheann an CAO na torthaí scrúdaithe seo a leanas go huathoibríoch: An Ardeistiméireacht, QQI FET, CCEA (Tuaisceart Éireann) GCE, GCE na Breataine. Maidir le gach foras scrúdaithe eile, ní mór duit cóipeanna deimhnithe a sholáthar de thorthaí scrúduithe samhraidh 2024 don CAO, a luaithe atá siad ar fáil. Le gur féidir leat a bheith san iomaíocht le haghaidh áiteanna, ní mór go mbeadh na torthaí sin ag an CAO 12 lá ar a laghad roimh eisiúint thairiscintí an bhabhta ábhartha. Féadfaidh sé go measfaidh Institiúidí Ardoideachais doiciméid a fhaightear i ndiaidh an dáta seo, ach tá baol ann nach measfar iad go dtí an chéad bhabhta eile.

AGALLAIMH AGUS MEASÚNUI THE

I gcás roinnt cúrsaí b'fhéidir go mbeadh gá duit measúnuithe breise a dhéanamh, faisnéis fhorlíontach a sholáthar (e.g. punann nó ráiteas), nó dul faoi agallamh. Beidh "(Srianta – féach ar leathanach 3)" marcáilte ar chuid de na cúrsaí sin i Lámhleabhar an CAO, ach ba chóir duit féachaint ar láithreáin ghréasáin agus ar fhoilseacháin na nInstitiúidí Ardoideachais chun tuilleadh faisnéise a fháil.



Agallaimh agus
Measúnuithe

cao.ie/interviews

GAMSAT agus HPAT

Moltar duit iarratas a dhéanamh ar líne, faoin 1 Feabhra ag 5pm, más gá duit iarratas a dhéanamh ar thástálacha GAMSAT nó HPAT 2024. Ní cheanglaítear ar iarratasóirí lánfhásta nach bhfuil iarratas á dhéanamh acu ach ar Míochaine do Chéimithe amháin an rannán 'Lánfhásta' a chomhlánú.

Seiceáil bosca isteach do ríomhphost go rialta mar go ndéanann an CAO cumarsáid le hiarratasóirí den sórt sin trí ríomhphost.

Ionas go gcuirfidh ACER do chuid torthaí GAMSAT ar aghaidh chuig an CAO, ní mór duit a thabhairt le fios ar aon cheann de do chlárúcháin GAMSAT reatha (Meán Fómhair 2022, Bealtaine/Meitheamh 2023, Meán Fómhair 2023, Márta 2024) gur iarratasóir thú ar chlár Éireannach. Ní bhreithneofar ach torthaí ó na suíonna sin amháin le haghaidh iontráil i Míochaine do Chéimithe 2024.

Gheofar torthaí HPAT na bliana reatha go díreach ó ACER. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig www.cao.ie/ugmed

Míochaine do Chéimithe

Déantar iarratasóirí cáilithe a rangú ar bhonn thorthaí GAMSAT, agus ar na torthaí sin amháin. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig www.cao.ie/gradmed

Altranas/Cnáimhseachas Lánfhásta

Déantar iarratasóirí lánfhásta ar altranas/cnáimhseachas a rangú ar bhonn an scóir a fhaigheann siad i dtástáil mheasúnaithe a bhíonn de dhíth ar Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann (NMBI). Maidir le hiontráil chuig clár in 2024, foilseofar na sonraí iomlána maidir leis an measúnú ar láithreán gréasáin NMBI ar www.nmbi.ie. Táthar ag súil go mbeidh an scrúdú ar siúl i mí an Mhárta/mí Aibreáin 2024, ach d'fhéadfadh sé sin athrú. Seol ríomhphost chuig careersinformation@nmbi.ie chun tuilleadh faisnéise a fháil.


SEICEÁIL AGUS DEARBHAIGH D'FHAISNÉIS CUNTAIS



AG IDIRGHNÍOMHÚ LE DO CHUNTAS CAO

Moltar d'iarratasóirí logáil isteach ina gCuntas CAO ó am go chéile le deimhniú gur taifeadadh a gcuid faisnéise go léir go hiomlán agus i gceart.

Tá taifead sa rannán Comhfhreagrais de do chuntas de gach ríomhphost a sheolann tú chuig an CAO, agus aon cheisteanna ar líne a chuir tú faoi bhráid an CAO nuair a bhí tú logáilte isteach i d'iarratas. Déan cinnte go seiceálfaidh tú an rannán Comhfhreagrais go rialta le haghaidh ríomhphoist nua ón CAO ina mbeadh faisnéis agus treoracha tábhachtacha.



COMHFHREAGRAS TÁBHACHTACH

Déanfaidh an CAO teagmháil le hiarratasóirí tríd an bpost agus, i roinnt cásanna, trí ríomhphost, nó cuirfidh siad glao gutháin orthu nó seolfaidh siad teachtaireacht téacs SMS chucu. Is gá gach comhfhreagras ón CAO a léamh go cúramach agus ba chóir aon earráidí nó aon ní a fágadh ar lár a chur in iúl don CAO láithreach trí www.cao.ie/contact

Is é an t-iarratasóir atá freagrach as a chinntiú go bhfaightear gach comhfhreagras ábhartha agus go bpléitear leis go cuí. D'fhéadfá a bheith siar go mór leis mura dtugann tú freagra, mar shampla, d'fhéadfá gan aon tairiscint a fháil. **Déan cinnte go seiceálann tú an cuntas ríomhphoist a cuireadh ar fáil ag céim an iarratais agus léigh an 'Ráiteas ar Thaifead Iarratais' a eisíodh ar gach iarratasóir i mí na Bealtaine.**

Ag céim na dtairiscintí, gheobhaidh iarratasóirí fógra tairisceana má mheastar go bhfuil siad i dteideal tairisceana nó gheobhaidh siad ríomhphost um Ráiteas ar Iarratas mura meastar go bhfuil siad i dteideal tairisceana faoi Bhabhta a hAon.

Déanfaidh Institiúidí Ardoideachais áirithe teagmháil dhíreach le hiarratasóirí freisin tríd an bpost, trí ríomhphost agus trí theachttaireacht téacs SMS. Ba chóir duit na fillteáin seo a sheiceáil go tréimhsiúil: turscar, bulc, cur chun cinn nó dramhphost, etc. Má fhaigheann tú amach go bhfuil ríomhphoist ón CAO nó ó Institiúidí Ardoideachais á dtarchur chuig na fillteáin sin, ba chóir duit breithniú a dhéanamh ar na seoltaí ríomhphoist sin a chur le do chuid teagmhálaithe nó le do leabhar seoltaí ríomhphoist.



SEICEÁIL AGUS DEARBHAIGH

Roimh dheireadh mhí na Bealtaine, seolfar Ráiteas ar Thaifead Iarratais chugat i ríomhphost. Is é is cuspóir leis an ríomhphost sin a mholadh duit logáil isteach ar do Chuntas CAO lena dheimhniú go ndearnadh do chuid faisnéise go léir a thaifeadadh ina hiomláine agus i gceart ar do chuntas.

Sa chás nach leanfá na treoracha sin láithreach, d'fhéadfadh sé go mbeadh impleachtaí an-tromchúiseach ar fad do d'iarratas.

Nuair a bheidh an ríomhphost faighte agat, ní mór na céimeanna seo a leanas a dhéanamh:

1. An leathanach maidir le Ráiteas ar Thaifead Iarratais ar www.cao.ie/soar a léamh
2. Logáil isteach ar do Chuntas CAO le d'fhaisnéis chuntais a sheiceáil agus a dhearbhuí, lena n-áirítear do shonraí pearsanta, an rannán cáilíochtaí agus measúnuithe (faisnéis maidir le scrúdú agus díolúintí) agus do roghanna cúrsaí. Déan deifir.
3. Má tá aon earráid ná easnamh ann, cuir é sin in iúl don CAO láithreach (lean na treoracha sa ríomhphost a cuireadh chugat). Sa chás nach ndéantar aon earráid ná easnamh a chur ina ceart nó ina cheart ag an gcéim seo, d'fhéadfadh sé go mbeadh impleachtaí an-tromchúiseach ar fad i gceist, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí áit ar chúrsa a chailleadh.



Seiceáil do shonraí scrúdaithe go cúramach.

Ná glac leis go bhfuil d'uimhir/eolas scrúdaithe i gceart.




Ná déan dearmad DEARBHAIGH a bhrú i ndiaidh duit d'fhaisnéis chuntais a sheiceáil.

4. Ní mór duit cliceáil ar an gcnaipe 'Dearbhaím' lena chur in iúl go bhfuil an fhaisnéis ar do chuntas seiceáilte agat agus go bhfuil sé suas chun dáta agus i gceart, agus gur lean tú na treoracha sa ríomhphost leis an Ráiteas ar Thaifead Iarratais agus na treoracha ar an leathanach Ráiteas ar Iarratas ar www.cao.ie/soar

Mura bhfaigheann tú an Ráiteas ar Thaifead Iarratais roimh an 1 Meitheamh, ní mór duit teagmháil a dhéanamh leis an CAO láithreach. D'fhéadfá a bheith siar go mór leis mura ndéanann tú amhlaidh, mar shampla, d'fhéadfá gan aon tairiscint a fháil.

Beidh athruithe a dhéanfaidh tú tar éis duit do ríomhphost um Ráiteas ar Thaifead Iarratais a fháil le feiceáil ar do chuntas CAO ar líne. Logáil isteach ar do chuntas CAO tríd an tsaoráid 'M'Iarratas' lena chinntiú go bhfuil d'fhaisnéis nuashonraithe cláraithe ina hiomláine agus i gceart roimh an dáta deiridh d'Athrú Intinne ar an 1 Iúil, ag 5pm.

TREOIR MAIDIR LE RÁITEAS AR THAIFEAD IARRATAIS AN CAO





BRÚIGH ANSEO

AG CUR NÓ AG ATHRÚ CÚRSAÍ (ATHRÚ INTINNE)

Is féidir athruithe a dhéanamh ar/ cur le do rogha cúrsaí suas go dtí 5pm ar an 1 Feabhra, gan aon táille bhreise. Ag tús mhí Feabhra, beidh saoráid chun roghanna cúrsaí a leasú ar fáil ar líne ar tháille €10. Féadfaidh iarratasóirí clárú ar an tsaoráid seo a úsáid chun aon chúrsaí srianta nach bhfuil liostaithe ar iarratas cheana féin a chur leis, nó iarratasóirí lánfhásta ar gá dóibh athruithe a dhéanamh ar a rogha cúrsaí, suas go dtí 5pm ar an 1 Márta, 2024.

Osclaítear an tsaoráid CAO ar líne ‘Athrú Intinne’ ag tús mhí na Bealtaine agus dúntar í ar an 1 Iúil, ag 5pm – beidh srianta i bhfeidhm (féach ar leathanach 3). Is féidir leat an tsaoráid ‘Athrú Intinne’ ar líne a úsáid chomh minic agus is mian leat chun cur le do chúrsaí, iad a bhaint nó a chur in ord arís, gan dada a íoc suas go dtí 5pm ar an 1 Iúil.

Chun roghanna cúrsaí a athrú, logáil isteach i do Chuntas CAO tríd an tsaoráid M’Iarratas agus cliceáil ar Cuir le/Athraigh Roghanna Cúrsaí Leibhéal 8 nó Cuir le/Athraigh Roghanna Cúrsaí Leibhéal 7/6. Ina dhiaidh sin, féadfaidh tú an liosta ‘Cúrsaí Nua’ a úsáid chun cúrsaí nua a chur isteach, neamhaird a dhéanamh ar rogha cúrsaí reatha, nó an rogha cúrsaí atá agat faoi láthair a chur in ord arís. Ní mór duit gach ceann de do chúrsaí a liostáil bunaithe ar do chuid roghanna ar an liosta nua. Má athraíonn tú cúrsaí ar líne, seolfar admháil chuig do sheoladh ríomhphoist – seiceáil an ríomhphost sin go cúramach agus cuir an CAO ar an eolas maidir le haon earráidí nó aon ní a fágadh ar lár. Ba chóir duit seiceáil freisin go bhfuil do chúrsaí nuashonraithe trí úsáid a bhaint as an tsaoráid ‘M’Iarratas’ faoi 5pm ar an 1 Iúil.

www.cao.ie/com
www.cao.ie/preference

Tabhair faoi deara: Ní féidir leat cúrsaí srianta a thabhairt isteach leis an tsaoráid Athrú Intinne (ach is féidir leat ord na gcúrsaí srianta a bhí ar d’iarratas cheana féin a athrú). Eisceacht: I gcás cúrsa srianta ag a bhfuil nósanna imeachta measúnaithe atá díreach mar an gcéanna le cúrsa a ndearna tú iarratas air faoin 1 Feabhra 2024 ag 5pm, d’fhéadfadh sé go mbeadh cead agat an rogha sin a dhéanamh leis an tsaoráid ‘Athrú Intinne’. Ba chóir labhairt leis an Institiúid Ardoideachais cuí sula roghnaíonn tú cúrsa den saghas seo.

Is féidir le hiarratasóirí atá ag cur isteach ar chúrsaí srianta (m.sh., iarratasóirí Lánfhásta) ord na gcúrsaí atá roghnaithe acu a athrú ag baint úsáid as an tsaoráid Athrú Intinne. **Má dhéanann tú Athrú Intinne, cealaíonn sé agus tagann sé in áit gach rogha cúrsa a rinne tú cheana in aon chatagóir ina ndéantar athruithe.**

ATHRÚ AR D’FHAISNÉIS PHEARSANTA AGUS SCRÚDAITHE

Féadfaidh tú roinnt de d’fhaisnéis phearsanta a athrú (e.g. seoladh poist, uimhir ghutháin agus seoladh ríomhphoist) ar líne ach an tsaoráid ‘M’Iarratas’ a úsáid. Chun sonraí maidir le d’ainm nó do dháta breithe a athrú nó chun catagóir scrúdaithe a chur le d’iarratas, caithfidh tú ríomhphost a sheoladh chuig an CAO trí Rannán Comhfhreagrais do chuntais. Má athraíonn tú do shonraí pearsanta ar líne, seolfar admháil chuig do sheoladh ríomhphoist (beidh fáil chomh maith ar chóip den ríomhphost seo sa rannán Comhfhreagrais ar do chuntas). Ba cheart duit am a thabhairt go dtí go mbeidh do chuid athruithe le feiceáil ar d’iarratas. Bain leas as an áis M’Iarratas lena chinntiú go bhfuil do rogha cúrsaí nuashonraithe i gceart nuair a iarrtar ort sin a dhéanamh. Ní mór duit déanamh amhlaidh 12 lá ar a laghad sula ndéantar babhta tairisceana a eisiúint. Má tá aon earráid ná easnamh ann, déan teagmháil leis an CAO láithreach.

TÁBHACHTACH:

Má tá iarratas déanta agat ar aon chúrsa srianta agus/nó más iarratasóir lánfhásta thú agus má athraíonn tú do sonraí teagmhála, téigh i dteagmháil leis na hinstitiúidí ar chuir tú isteach orthu lena chinntiú go bhfuil do chuid sonraí is déanaí acu.

CÉIM NA TAIRISCEANA

Tá trí phríomhbabhta tairiscintí ann: Babhta A, Babhta a Náid agus Babhta a hAon. Tar éis an dáta freagartha le haghaidh Bhabhta a hAon, eisíonn an CAO tairiscintí Bhabhta a Dó le haghaidh na n-áiteanna atá fágtha. Eisíonn an CAO tairiscintí ina dhiaidh sin, de réir mar is gá, chun aon fholúntais a d'fhéadfadh teacht aníos a líonadh.



NA BABHTAÍ TAIRISCEANA

Tábla 1.5 Na Babhtaí Tairisceana

Babhta	Catagóir Iarratasóra
Babhta A (go luath i mí Iúil)	Iarratasóirí a chuir cúrsaí siar; iarratasóirí lánfhásta; iarratasóirí lánfhásta d'altranas/chnáimhseachas; iarratasóirí arbh fhéidir go mbeadh orthu socruithe víosa a dhéanamh; iarratasóirí a bhfuil cúrsa Rochtana déanta acu.
Babhta a Náid (go luath i mí Lúnasa)	Iarratasóirí Míochaine ar iontráil do chéimithe; iarratasóirí lánfhásta, iarratasóirí a chuir cúrsaí siar agus iarratasóirí Rochtana; agus iarratasóirí atá ag cur QQI FET/FETAC i láthair lena gcur san áireamh le haghaidh iontráil i gcúrsaí a bhfuil cuótaí i gceist iontu d'iarratasóirí QQI FET/FETAC (le seiceáil an cúrsa a bhfuil cuóta i gceist leis atá ann, téigh chuig www.cao.ie/qqisearch)
Babhta a hAon (Le dearbhú)	Gach iarratasóir a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar bhonn torthaí scrúduithe fágála scoile (m.sh., an Ardeistiméireacht, GCE/GCSE agus iarratasóirí Fágála Scoile Eile), in ainneoin bhliain a gcríochnaithe; iarratasóirí FET QQI a rinne iarratas ar chúrsa i gcás nach bhfuil aon chuóta d'iarratasóirí FET QQI; agus iarratasóirí lánfhásta breise.
Babhta a Dó agus tairiscintí ina dhiaidh sin (go mall i mí Lúnasa go deireadh mhí Mheán Fómhair)	Eisítear tairiscintí go dtí go dtagann an séasúr tairiscintí chun deiridh nó go dtí go bhfuil gach ceann de na háiteanna líonta, cibé acu is luaithe.

Chun an fhaisnéis is nuáí a fháil maidir le dátaí Tairisceana agus Glactha, tabhair cuairt ar an rannán Dátaí Tábhachtacha ar www.cao.ie

TREOIR MAIDIR LE PRÓISEAS TAIRISCEANA AGUS GLACTHA AN CAO




Braitheann amanna tairiscintí d'iarratasóirí atá ag déanamh iarratais ar bhonn torthaí QQI FET/FETAC Leibhéal 5/6 ar an gcúrsa/na cúrsaí a bhfuil na hiarratasóirí ag cur isteach air/orthu. Bíonn cuóta do líon na n-áiteanna atá curtha ar leataobh d'iarratasóirí QQI i gceist le roinnt cúrsaí. Sa chás seo déanfar iarratasóirí a mheas i mBabhta a Náid (go luath i mí Lúnasa) bunaithe ar a dtorthaí QQI. Mura bhfaigheann an t-iarratasóir tairiscint sa bhabhta tairisceana seo, agus má líontar cuóta na n-áiteanna atá ar fáil d'iarratasóirí QQI FET/FETAC, is féidir é/í a mheas i mBabhta a hAon agus sna babhtaí ina dhiaidh sin bunaithe ar a t[h]orthaí Ardeistiméireachta nó ar cháilíochtaí fágála scoile eile.

Ní bhíonn cuóta maidir le líon na n-áiteanna atá curtha ar leataobh d'iarratasóirí QQI i gceist le roinnt cúrsaí. Sa chás seo, déantar an t-iarratasóir a mheas den chéad uair i mBabhta a hAon, bunaithe ar na torthaí is airde a fuair sé/sí in aon iarracht amháin, is é sin, a t[h]orthaí QQI nó cáilíochtaí eile má tá torthaí eile á gcur ar fáil aige/aici, torthaí scrúduithe na hArdeistiméireachta, mar shampla.

Gach iarratasóir a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar bhonn torthaí/gráid scrúduithe fágála scoile, in ainneoin bhliain a gcríochnaithe, cuirfear in iomaíocht a chéile iad i leith tairiscint i mBabhta a hAon.

Tar éis eisiúint na dtairiscintí ó Bhabhta a hAon: aon iarratasóir nár éirigh leis nó léi tairiscint a fháil i mBabhta A, i mBabhta a Náid, ná i mBabhta a hAon, gheobhaidh sé nó sí Ráiteas ar Iarratas i Ríomhphost agus tabharfar treoir dó nó di sa ríomhphost céanna chun a chuntas nó a cuntas CAO a sheiceáil agus oifigí CAO a chur ar an eolas láithreach má tharlaíonn go bhfuil aon earráid nó easnamh ann.



GLACADH LE TAIRISCINT

Má fhaigheann tú tairiscint agus má bheartaíonn tú glacadh léi, ní mór duit glacadh léi ar líne faoin dáta a luaitear sa ríomhphost Tairisceana. Má fhaigheann tú tairiscint ón dá liosta, caithfidh tú ceann amháin a roghnú – **ní féidir leat ach glacadh le tairiscint amháin, i mbabhta amháin ar bith, ó liosta Leibhéal 8 nó ó liosta Leibhéal 7/6.**

Má ghlacann tú le cúrsa i mBabhta Tairisceana roimhe sin atá níos ísle in ord na gcúrsaí atá roghnaithe agat, ní chuirfear cosc ort tairiscint a fháil i mbabhta ina dhiaidh sin le haghaidh cúrsa atá níos airde ar liosta na gcúrsaí atá roghnaithe agat má mheastar thú a bheith incháilithe. Sa chás go n-éiríonn áit ar fáil i mbabhta ina dhiaidh sin agus go bhfuil tú i dteideal na háite sin, is féidir go bhfaighidh tú tairiscint a bhféadfaidh tú glacadh léi nó neamhiontas a dhéanamh di. **Má ghlactar leis an tairiscint nua, is go huathoibríoch a chealófar an tairiscint ar glacadh léi roimhe sin.** Má ghlacann tú le do thairiscint ar líne, gheobhaidh tú ríomhphost admhála agus féadfaidh tú a sheiceáil tríd an tsaoráid 'M'Iarratas' go ndearnadh an tairiscint ar ghlac tú léi a thaifeadadh ar líne ag www.cao.ie.

NA HÁITEANNA ATÁ AR FÁIL

Is éard atá i gceist le háiteanna ar fáil ná áiteanna ar chúrsaí áirithe nach bhfuil líonta tar éis na tairiscintí go léir a thabhairt agus tar éis liostaí feithimh a ídiú. Agus iad ag cur isteach ar chúrsaí Áiteanna atá ar Fáil, ba chóir d'iarratasóirí neamhaird a dhéanamh de phointí a foilsíodh roimhe seo i mbabhtaí tairisceana níos luaithe. Caithfidh iarratasóirí a sheiceáil go gcomhlíonann siad na **híosriachtanais iontrála** a bhíonn ann de ghnáth i gcás an chúrsa/na gcúrsaí i gceist.

Fógraítear cúrsaí ina bhfuil Áiteanna atá ar Fáil ar láithreán gréasáin an CAO tar éis tairiscintí Bhabhta a hAon a eisiúint i mí Lúnasa – téigh chuig www.cao.ie/ap agus cliceáil ar an táb 'Na hÁiteanna atá ar Fáil'. Tá an tsaoráid seo oscailte d'iarratasóirí nua ar tháille €45, agus tá sé saor in aisce d'iarratasóirí atá ann cheana. Téigh chuig láithreán gréasáin an CAO ag www.cao.ie chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin tsaoráid 'Na hÁiteanna atá ar Fáil'.

cao.ie/ap

TREOIR MAIDIR LEIS AN TSAORÁID 'NA HÁITEANNA ATÁ AR FÁIL'



RÍOMH POINTÍ D'IARRATASÓIRÍ ARDTEISTIMÉIREACHTA

Eisítear tairiscintí Bhabhta a hAon a luaithe is féidir tar éis torthaí scrúduithe na hArdteistiméireachta don bhliain reatha a chur ar fáil. Cuirtear na torthaí isteach i gcóras an CAO agus le haghaidh gach cúrsa a ndearna tú iarratas air, seiceálfaidh córas an CAO ar dtús go gcomhlíonann tú na híosriachtanais iontrála.

Má chomhlíonann tú na critéir incháilitheachta le haghaidh an chúrsa/na gcúrsaí ar a ndearna tú iarratas, ríomhfaidh an córas scór pointí ach Scála Comhchoiteann Pointí* na nInstitiúidí Ardoideachais a úsáid:



BRÚIGH ANSEO D'ÁIREAMHÁN POINTÍ AN CAO



Scála Comhchoiteann Pointí na nInstitiúidí Ardoideachais

Tábla 1.6 Scála Comhchoiteann Pointí na nInstitiúidí Ardoideachais

Ard-Leibhéal Grád	Pointí	Gnáth-Leibhéal Grád	Pointí
H1 (90 – 100)	100		
H2 (80 < 90)	88		
H3 (70 < 80)	77		
H4 (60 < 70)	66		
H5 (50 < 60)	56	O1 (90 – 100)	56
H6 (40 < 50)	46	O2 (80 < 90)	46
H7 (30 < 40)	37	O3 (70 < 80)	37
H8 (0 < 30)	0	O4 (60 < 70)	28
		O5 (50 < 60)	20
		O6 (40 < 50)	12
		O7 (30 < 40)	0
		O8 (0 < 30)	0

Pointí Bónais don Mhatamaitic

Bronnfar 25 pointe bónais don Mhata Ardleibhéal ar ghrád A6 agus níos airde. Mar shampla, má fhaigheann iarratasóir grád A6, cuirfeadh 25 pointe breise leis an 46 pointe a bronnadh cheana ar ghrád A6 i.e. tá scór 71 pointe ag gabháil do Mhata Ardleibhéal ag an iarratasóir seo.

Pointí LCVP*

Grád LCVP	Pointí LCVP
Gradam	66
Fiúntas	46
Pas	28

Pointí i gcomhair Matamaitic Bhonnleibhéil*

Grád Mhatamaitic Bhonnleibhéil	Pointí Mhatamaitic Bhonnleibhéil
F1	20
F2	12

*Féach ar na coinníollacha breise ar leathanach 31.

Coinníollacha breise

1. Déanfar na sé thoradh is fearr in ábhair aitheanta i Scrúdú Ardeistiméireachta amháin a chur san áireamh agus pointí á gcuntas. Má fhaigheann tú grád A6 nó níos airde sa Mhatamaitic Ardleibhéil, cuireann tú an 25 pointe bónais san áireamh i dtosach, agus ansin aithnítear na sé scór is fearr a ghnóthaigh tú. Ní áirítear na pointí bónais i ríomh na bpointí foriomlána ach amháin nuair atá Matamaitic i measc na sé ábhar is fearr de chuid an iarratasóra tar éis an bónas a áireamh.
2. Ní chuirfear san áireamh ach Scrúdú Ardeistiméireachta aon bhliain amháin nuair a bheidh pointí á gcuntas.
3. I gcás ábhair áirithe e.g. Eacnamaíocht Bhaile Ghinearálta (cuireadh deireadh leis an ábhar seo in 2003), Matamaitic Gnáthleibhéil Mhalartach, Matamaitic Bhonnleibhéil nó Gaeilge Bhonnleibhéil, féadfaidh nach mbronnfaidh roinnt Institiúidí Ardoideachais na pointí atá luaite sa ghreille. Má bhíonn aon amhras ort, seiceáil le hOifig Iontrála na nInstitiúidí Ardoideachais cuí.
4. Cuimhnigh nach mór duit na híosriachtanais iontrála a shásamh ar dtús sula gcuirfear san áireamh thú le haghaidh cúrsa.

Seo a leanas sampla ina ríomhtar pointí, lena n-áirítear pointí bónais le haghaidh Matamaitic Ardleibhéil:

Tábla 1.7 Sampla de ríomh na bpointí a fuarthas Tá na seacht dtoradh a leanas faighte ag iarratasóir in 2024:

Ábhar	Leibhéal	Grád	Scór
Gaeilge	Ard	H2	88
Béarla	Gnáth	O2	46
Matamaitic	Ard	H5	56 + 25 = 81
Fraincis	Ard	H6	46
Bitheolaíocht	Ard	H3	77
Tíreolaíocht	Gnáth	O3	37
Stair	Ard	H5	56
Suimigh na sé scór is fearr, mar atá léirithe i gcló trom.			Pointí = 394

Eisiúint tairiscintí

Tar éis na pointí a ríomh, cuirtear iarratasóirí ar liosta in ord fiúntais le haghaidh gach cúrsa a bhfuil siad incháilithe ina leith. Mar shampla, más rud é go bhfuil an scór pointí is airde agat, beidh tú ar bharr an liosta agus beidh an t-iarratasóir ag a bhfuil an dara scór is airde sa dara háit ar an liosta, agus mar sin de.

Tugann na hInstitiúidí Ardoideachais treoir don CAO ansin maidir leis an líon tairiscintí ba chóir di a thabhairt le haghaidh gach cúrsa. Más rud é gur sa 20ú háit le haghaidh cúrsa roghnaithe atá tú agus go dtugann an institiúid treoir don CAO 25 áit a thairiscint, gheobhaidh tú tairiscint d'áit ar an gcúrsa sin mura bhfuil tairiscint faighte agat ar chúrsa atá níos airde i liosta na gcúrsaí atá roghnaithe agat. Ní thairgfear cúrsa atá níos ísle in ord na gcúrsaí atá roghnaithe agat duit má fhaigheann tú tairiscint le haghaidh cúrsa atá níos airde i liosta na gcúrsaí atá roghnaithe agat.

D'fhéadfaí roghnú **uimhreach randamaí** a úsáid i roinnt cásanna. Sanntar uimhir randamach d'iarratasóirí sula gcuirtear iad ar an liosta Ord Fiúntais le haghaidh cúrsa. Tugtar uimhir randamach éagsúil le haghaidh gach cúrsa atá roghnaithe. Más rud é go bhfuil cúigear iarratasóirí ag a bhfuil an scór pointí céanna ag dul san iomaíocht le haghaidh áit amháin atá fágtha, cuirfear roghnú uimhreach randamaí i bhfeidhm agus tairgfear an áit don iarratasóir ag a bhfuil an uimhir randamach is airde.

Mura bhfaigheann iarratasóir tairiscint sa chéad bhabhta tairiscintí, féadfaidh sé/sí tairiscint a fháil i mbabhtaí ina dhiaidh sin.

Tabhair faoi deara: Ní thugann an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha aon phointí i gcás scrúdú na hArdeistiméireachta ná scrúduithe eile i gcás a gcúrsaí srianta. Tá tuilleadh sonraí i bhfoilseacháin an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha. Ba chóir d'iarratasóirí ar chúrsaí leighis fochéimí www.cao.ie/ugmed a sheiceáil.

Bronnfaidh gach Institiúid Ardoideachais pointí do nasc-mhodúil LCVP amhail is dá mbeadh an séú hábhar agat i scrúdú na hArdeistiméireachta. Ach ní mheasann gach Institiúid Ardoideachais gurb ionann LCVP agus comhlíonadh na gceanglas cáilitheachta i dtaca le pas a fháil in ábhair áirithe. Ba chóir d'iarratasóirí foilseacháin na hInstitiúide Ardoideachais cuí a léamh chun na mionsonraí a fháil.

RÍOMH POINTÍ LE HAGHAIDH SCRÚDUITHE EILE

Téigh chuig an rannán 'Iarratasóirí' ar láithreán gréasáin an CAO ar www.cao.ie/scoring agus téigh chuig 'Scóráil an Iarratasóra' chun faisnéis a fháil faoin dóigh a ríomhtar pointí i gcás cháilíochtaí QQI FET/FETAC, Scrúduithe GCE (Sasana, an Bhreatain Bheag agus Tuaisceart Éireann) agus an treoir maidir le riachtanais iontrála le haghaidh iarratasóirí AE/CSTE.

Ríomh Pointí le hAghaidh Scrúduithe Eile: cao.ie/scoring



ÁIT A CHUR SIAR

Más mian leat tairiscint áite a chur siar, **ná glac leis an tairiscint a thugtar duit**. Ina ionad sin, ní mór duit ríomhphost a sheoladh chuig an Oifig Iontrála san Institiúid Ardoideachais chuí láithreach. Ní mór duit d'ainm a thabhairt mar atá sé ar an iarratas CAO atá déanta agat agus an uimhir iarratais CAO a fuair tú agus an cód cúrsa don tairiscint is mian leat a chur siar a lua, agus an chúis/na cúiseanna leis an iarraidh a leagan amach. Caithfidh iarratasóirí "IONTRÁIL A CHUR SIAR" a mharcáil go soiléir i líne ábhair an ríomhphoist. Is féidir leat láithreán gréasáin na hInstitiúide Ardoideachais ábhartha a sheiceáil chun a fháil amach an bhfuil beartas cuir siar ar fáil ar líne ar féidir leat amharc air.

Caithfidh an ríomhphost a bheith ag Oifig Iontrála na hInstitiúide dhá lá ar a laghad roimh an dáta freagartha atá luaite ar an bhFógra Tairisceana. Cuirfidh an Institiúid Ardoideachais cibé cinneadh a dhéantar in iúl duit go díreach. Mura dtugtar cead duit an Tairiscint a chur siar, féadfaidh tú glacadh leis an tairiscint don bhliain reatha ar choinníoll go nglacann tú leis an tairiscint faoin dáta freagartha. Seol gach comhfhreagras maidir le hiontráil a chur siar chuig na hOifigí Iontrála agus **ní chuig an CAO**.

CONAS GLACADH LE CÚRSA A CUIREADH SIAR

Má éiríonn leat cead a fháil iarratas a chur siar:

1. Bí cinnte go seolann tú foirm iarratais chuig an CAO an bhliain dár gcionn agus go n-íocann tú an táille iarratais chuí. Ní mór duit an fhoirm iarratais a chomhlánú go hiomlán agus na treoracha go léir a chomhlíonadh go cúramach;
2. Cuir an cúrsa a chuir tú siar síos mar chéad rogha de do chuid agus ná roghnaigh aon chúrsa eile ar an bhfoirm iarratais;
3. Tabhair le fios gur chuir tú an cúrsa siar trí tic a chur leis an mbosca a léiríonn Iarratasóirí Curtha Siar, sa rannán Rogha Cúrsaí ar d'Iarratas.

Tá sé tábhachtach go léann tú an litir a thug cead duit cúrsa a chur siar chun tuilleadh treoracha a fháil. Níl tú ag comhlíonadh na gcoinníollacha a ghabhann le cúrsa a chur siar má roghnaíonn tú aon chúrsa eile seachas an ceann a chuir tú siar. Ach má roghnaíonn tú aon chúrsa eile seachas an ceann a chuir tú siar, ansin cuirfead as an áireamh tú don chúrsa a cuireadh siar agus beidh ort dul sa choimhlínt d'áiteanna sa ghnáthshlí.

Nuair a bheidh tú ag seoladh isteach d'iarratas an bhliain dár gcionn, caithfidh tú an fhoirm iarratais a chomhlánú go hiomlán. I bhfocail eile, ní mór duit aon fhaisnéis phearsanta agus aon doiciméid, etc. a sheol tú isteach le d'iarratas bunaidh a áireamh (mura ndeir an institiúid atá ag tairiscint na háite a mhalairt).

PRÓISEAS ACHOMHARC NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

Más rud é gur iarr tú achomharc a dhéanamh in aghaidh roinnt de do scrúduithe Ardeistiméireachta agus go n-athraítear do chuid torthaí de bharr an achomhairc sin, athrófar d'áit sa liosta 'Ord Fiúntais' chun do scór pointí nua a léiriú.

Gheobhaidh tú tairiscint má mheastar thú a bheith i dteideal áit ar chúrsa bunaithe ar do thorthaí Ardeistiméireachta uasghrádaithe. Más rud é gur leithdháileadh na háiteanna go léir le haghaidh an chúrsa sin cheana féin, cuirfead an tairiscint siar duit don bhliain acadúil ina dhiaidh sin. Is í an Institiúid Ardoideachais agus ní an CAO a dhéanann an cinneadh ar áit a thairiscint.

CLÁRÚ AR AN gCÚRSA A nGLACANN TÚ LEIS

Tar éis áit a thairiscint dó/di agus tar éis dó/di glacadh leis an tairiscint sin, ní bheidh iarratasóirí chuig an CAO ina m(h)ac léinn de chuid na hInstitiúide Ardoideachais ach amháin tar éis dó/di próiseas cláraithe na hInstitiúide Ardoideachais a chríochnú.



IARRATAIS DHÍREACHA



IARRATAIS LE SEOLADH DÍREACH GO DTÍ NA HINSTITIÚIDÍ ARDOIDEACHAIS

(A) Ginearálta:

Go ginearálta, is ceart iarratais a sheoladh díreach chuig an Institiúid chuí (Ní chuig an CAO) sna cásanna seo a leanas:

1. Aon chúrsa nach bhfuil luaite sa lámhleabhar seo.
2. Iontráil ar chúrsaí ag leibhéal iar-chéad bhliana. Ní mór duit ceist a chur ar Oifigí Iontrála na nInstitiúidí Ardoideachais faoi nósanna iarratais.
3. Cúrsaí gearra, aontéarmacha, páirtaimseartha agus ócáideacha. Féach ar Rannán C thíos.
4. Athiontráil chuig Coláiste Oideachais Mhuire Gan Smál, Coláiste na Tríonóide, Ollscoil Luimnigh agus Ollscoil Mhá Nuad.
5. Cúrsaí leantacha sna hOllscoileanna Teicneolaíochta agus sna nInstitiúidí Teicneolaíochta. Ní mór duit ceist a chur ar Oifigí Iontrála na nInstitiúidí Ardoideachais faoi nósanna iarratais.
6. Iarratasóirí lánfhásta áirithe – féach ar www.cao.ie/mature agus Rannán D thíos chun faisnéis a fháil faoi iarratasóirí lánfhásta.
7. Cúrsaí larchéime.

(B) Buanchónaí lasmuigh den Aontas Eorpach: (faoi láthair nó san am a caitheadh)

D'fhéadfadh sé gur gá d'iarratasóirí atá ina gcónaí anois, nó a bhí ina gcónaí, lasmuigh den Aontas Eorpach, a gcuid iarratas a sheoladh díreach chuig na nInstitiúidí Ardoideachais.

I gcás na nInstitiúidí Ardoideachais eile, ní mór duit dul i dteagmháil le hOifig Iontrála gach Institiúide Ardoideachais a bhfuil spéis agat freastal uirthi chun a fhiafraí ar chóir duit iarratas a dhéanamh tríd an CAO nó go díreach chuig an Institiúid atá i gceist. D'fhéadfadh sé go bhfuil beartais éagsúla ag Institiúidí Ardoideachais éagsúla. Ba chóir duit fiosrúithe den sórt sin a dhéanamh tamall maith roimh an dáta deiridh, mar atá an 1 Feabhra 2024 ag 5pm.

D'fhéadfadh sé go mbeidh tú in ann polasaithe na nInstitiúidí Ardoideachais a sheiceáil ar a láithreáin ghréasáin.

D'fhéadfadh impleachtaí tromchúiseacha a bheith ann sa chás nach ndéantar seiceáil faoin nós imeachta ceart maidir le hiarratas a dhéanamh.

(C) Cúrsaí páirtaimseartha agus cúrsaí tráthnóna:

Ní féidir úsáid a bhaint as córas lárnach an CAO le hiarratas a dhéanamh ar roinnt cúrsaí páirtaimseartha agus cuid mhaith cúrsaí tráthnóna. Caithfear iarratas a sheoladh díreach chuig na coláistí atá i gceist.

Cuireann na nInstitiúidí Ardoideachais réimse leathan den saghas seo cúrsa ar fáil, agus má tá suim agat in aon cheann de na cúrsaí sin, déan teagmháil díreach leis na nInstitiúidí féin.

(D) Iarratasóirí lánfhásta:

1. D'fhéadfadh sé go bhfuil srianta áirithe i bhfeidhm i gcás iarratasóirí lánfhásta.
2. Go hiondúil, ba chóir go mbeadh iarratasóirí lánfhásta 23 bliain d'aois faoin 1 Eanáir 2024 le hiontráil i gcúrsa i bhfómhar na bliana 2024, agus ní mór dóibh iarratas a dhéanamh faoin 1 Feabhra 2024 ag 5pm. D'fhéadfadh rialacha difriúla a bheith ag Institiúidí Ardoideachais ar leith, maidir le haois iarratasóra agus maidir leis an tslí a dtugann siad sainmhíniú ar "iarratasóirí lánfhásta", agus glacann cuid acu le hiarratais a thagann chucu tar éis an 1 Feabhra 2024, ach ní dhéantar amhlaidh i gcás iontráil ar chúrsaí bunmhúinteoireachta d'iarratasóirí lánfhásta.
3. Sula ndéantar iarratas is ceart duit tagairt do www.cao.ie/mature agus súil a chaitheamh ar an bhfaisnéis d'iarratasóirí lánfhásta ar láithreáin ghréasáin na nInstitiúidí Ardoideachais. Ba chóir duit, ach go háirithe, riachtanais na nInstitiúide Ardoideachais maidir le faisnéis bhreise ar iarratasóir a sholáthar. Má bhíonn ceist ar bith agat, ní mór duit teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Iontrála nó leis an Oifigeach do Mhic Léinn Lánfhásta san Institiúid Ardoideachais atá i gceist tamall maith roimh na dátaí deiridh.
4. Má tá iarratas á dhéanamh agat ar bunmhúinteoireacht lánfhásta, caithfidh tú iarratas a dhéanamh ar na cúrsaí sin tríd an CAO faoin 1 Feabhra 2024, ag 5pm.

Caithfidh iarratasóirí lánfhásta ar mian leo iad a mheas ar bhonn blianta aibíochta iarratas a sheoladh díreach chuig na nInstitiúidí Ardoideachais seo a leanas (téigh i dteagmháil leis na nInstitiúidí díreach chun tuilleadh faisnéise a fháil agus na dátaí deiridh):

Tábla 1.8 Institiúidí Ardoideachais a iarrann iarratais dhíreacha ó iarratasóirí lánfhásta

Iarratais Dhíreacha d'Iarratasóirí Lánfhásta	
An Coláiste Meiriceánach, Baile Átha Cliath	CCT Bhaile Átha Cliath
Coláiste Dorset, Baile Átha Cliath	Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath
Coláiste Uí Ghríofa	Coláiste IBAT Bhaile Átha Cliath
Scoil Ghnó ICD, Baile Átha Cliath	Coláiste Náisiúnta na hÉireann

Téigh chuig www.cao.ie/mature chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi iarratais dhíreacha d'iarratasóirí lánfhásta.

IARRATAIS DHÉANACHA EISCEACTHÚLA



IARRATAIS DHÉANACHA EISCEACTHÚLA (EISCEACTH I LEITH AN AMCHLÁIR)

Níl feidhm ag an dáta deiridh eisceachtúil den 22 Iúil ag 5pm ach amháin i gcás iarratasóirí atá cláraithe mar mhic léinn fochéime ar an 1 Bealtaine 2024 i mbliain ar bith in aon cheann de na hInstitiúidí Ardoideachais rannpháirteacha (faoi réir na n-eisiamh a liostaítear thíos). D'fhonn leas a bhaint as an tsaoráid Iarratais Dhéanacha Eisceachtúla ní mór go ndeachaigh tú isteach san Institiúid Ardoideachais trí chóras an CAO. Seo an dáta deiridh eisceachtúil agus is gá do gach céim a bheith comhlánaithe faoi 5pm an 22 Iúil. Ní féidir athrú ar bith a dhéanamh i ndiaidh an dáta seo.

Mura bhfuair tú áit ar an gcúrsa ina bhfuil tú faoi láthair trí chóras an CAO, is gá duit teagmháil a dhéanamh le hOifig Iontrála na hInstitiúide Ardoideachais ar mian leat iarratas a dhéanamh ina leith ar dtús agus inseoidh siad duit cibé an gcaithfidh tú iarratas a chur díreach chuig an institiúid féin.

Eisiamh:

Ní féidir iarratas déanach a dhéanamh ach amháin i gcás cúrsaí seachas do chúrsa láithreach. Más mian leat an bhliain a dhéanamh arís ar an gcúrsa céanna ní mór duit é sin a shocrú laistigh de do Institiúid Ardoideachais.

Tá nósanna imeachta speisialta ann i gcás iarratasóirí a bhí nó atá ina mic léinn i gColáiste Mhuire Gan Smál, in Institiúid Oideachais Marino, i gColáiste na Tríonóide, in Ollscoil Luimnigh, nó in Ollscoil Mhá Nuad agus go dteastaíonn uathu aistriú go dtí cúrsa éigin eile sa choláiste céanna anois. Ní mór d'iarratasóirí den saghas seo teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Iontrála san institiúid chuig go bhfaighidh siad faisnéis maidir le cad go díreach atá le déanamh acu. Ach más mac léinn thú in institiúid ardoideachais eile agus má theastaíonn uait iarratas a sheoladh chuig aon cheann de na cúig institiúid seo, ansin caithfidh tú é sin a dhéanamh trí chóras iarratais an CAO.

Chun iarratas Déanach Eisceachtúil a dhéanamh, ní mór duit:

1. Cuir d'iarratas CAO isteach ar www.cao.ie roimh 5pm ar an 22 Iúil. Téigh chuig www.cao.ie, brúigh ar 'Déan Iarratas' agus lean na treoracha d'Iarratais Dhéanacha Eisceachtúla. Osclaíonn an tsaoráid seo ag meán lae ar an 5 Iúil. Ná cuir na roghanna cúrsaí isteach ar líne.
2. Cuir ríomhphost chuig Oifig Iontrála na hInstitiúide a bhfuil tú ag freastal uirthi lena chur in iúl dóibh gur mian leat cur isteach ar CAO ar mhaithe lena iarraidh orthu ríomhphost a chur ar fáil chun a dheimhniú go raibh tú i do mhac léinn fochéime ar an 1 Bealtaine 2024. Sa líne ábhair,

clóscríobh "Iarratas Déanach Eisceachtúil". Cinntigh go bhfuil a dóthain ama ag an institiúid an t-iarratas seo a chomhlíonadh. Is féidir teacht ar shonraí teagmhála na n-institiúidí uile anseo: www.cao.ie/hej

3. I ndiaidh duit iarratas a chur isteach, seolfaidh muid nasc chugat chuig an bhFoirm Roghanna Cúrsaí. An Fhoirm Roghanna Cúrsaí a chomhlánú, agus do rogha cúrsaí i bhfíor-ord do rogha féin.
4. Seol an Fhoirm Roghanna Cúrsaí comhlánaithe mar aon le cóip chlóite den ríomhphost arna chur ar fáil ag d'institiúid reatha sa phost chuig an CAO. Bíodh d'uimhir iarratais CAO ar thosach na foirme agus an ríomhphost. Ní mór don CAO an fhoirm agus an ríomhphost a fháil tráth nach déanaí ná an 22 Iúil ag 5pm. Tabhair faoi deara: caithefear sonraí an tseoltóra agus an dáta agus an uair a seoladh an ríomhphost a bheith le feiceáil ar an gcóip chlóite den ríomhphost.

Cuirfidh an CAO Ráiteas ar Thaifead Iarratais chugat i ríomhphost i ndiaidh an dáta deiridh ar an 22 Iúil, a luaithe a bheidh taifead déanta ar d'iarratas. Mura sroicheadh an Ráiteas thú roimh an 5 Lúnasa, is gá teagmháil a dhéanamh leis an CAO láithreach.

ATHRÚ INTINNE (EISCEACTH I LEITH AN AMCHLÁIR)

Níl feidhm ag an dáta deiridh le haghaidh Athrú Intinne eisceachtúil den 22 Iúil ag 5pm ach amháin i gcás iarratasóirí atá cláraithe mar mhic léinn fochéime ar an 1 Bealtaine 2024, in aon bhliain in aon cheann de na hInstitiúidí Ardoideachais rannpháirteacha (faoi réir na n-eisiamh a liostaítear thuas) agus a bhfuil iarratas déanta acu chuig an CAO cheana ar iontráil sa bhliain 2024. D'fhonn leas a bhaint as an tsaoráid Athrú Intinne Eisceachtúil, ní mór go ndeachaigh tú isteach san Institiúid Ardoideachais trí chóras an CAO.

Ní mór d'iarratasóirí Foirm 'Athrú Intinne' ar pháipéar a íoslódáil ón rannán 'Íoslódálacha' ar www.cao.ie agus í a chomhlánú. Ní mór na treoracha ar an bhfoirm a leanúint agus an *Fhoirm Athrú Intinne* a chur chuig an CAO le d'uimhir iarratais agus cóip den ríomhphost a fuair tú ón institiúid (lena ndearbhaítear go raibh tú ag freastal ar an institiúid suas go dtí an 1 Bealtaine 2024). Ní mór an fhoirm agus an ríomhphost a sheoladh ar ais chuig an CAO tríd an bpost faoi 5pm ar an 22 Iúil. Ní ghearrtar aon táille ar an tseirbhís sin.

TUILLEADH FAISNÉISE



TUILLEADH FAISNÉISE

Tá roinnt acmhainní luachmhara ar fáil ar láithreán gréasáin an CAO, lena n-áirítear foirm iarratais shamplach ar líne, saoráid chuardaigh cúrsaí, treoracha físeáin, sceidil, faisnéis faoin gcóras scórála pointí, agus freagraí ar cheisteanna coitianta. Is é an leathanach ‘Iarratasóirí’ an rannán atá tiomanta d’Iarratasóirí. Tá cuid freisin do scoileanna, agus do thuismitheoirí agus caomhnóirí. Tapaigh an deis le héirí cleachta ar an láithreán gréasáin agus na hacmhainní a chuirtear ar fáil.

Tá an fhaisnéis sa lámhleabhar seo ceart agus é á chur i gcló.

FOIRMEACHA IARRATAIS AR PHÁIPÉAR

Más mian leat iarratas a dhéanamh chuig an CAO ach úsáid a bhaint as an bhfoirm iarratais ar pháipéar, déan teagmháil leis an CAO tamall maith roimh an dáta deiridh agus seolfar cóip den iarratas ar pháipéar chugat sa phost. Is ionann agus €45 an táille iarratais le haghaidh iarratas ar pháipéar a fhaightear faoi 5pm ar an 1 Feabhra ag 5pm, nó is ionann agus €90 an táille le haghaidh iarratas ar pháipéar a fhaightear faoi 5pm ar an 1 Bealtaine, mar atá iarratas a fhaightear tar éis an spriocdháta den 1 Feabhra.

COSAINT SONRAÍ

Urramaíonn an CAO príobháideacht do chuid sonraí pearsanta. Tar éis iarratas a dhéanamh chuig an CAO, déanfar do chuid sonraí a chur ar fáil do na hInstitiúidí Ardoideachais a bhfuil iarratas déanta agat orthu. Ina theannta sin, úsáidfear sonraí san iarratas chun sonraí scrúduithe a fháil ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ó QQI FET/FETAC agus ó údaráis scrúduithe sa Bhreatain agus i dTuaisceart Éireann ar mhaithe leis na sonraí sin a fhíorú.

Coinnítear iarratais ar pháipéar agus doiciméid tacaíochta eile d’iarratais le linn bhliain an iarratais agus an bhliain dár gcionn agus ansin scriostar iad faoi rún. Coinnítear sonraí leictreonacha ar feadh tréimhse seacht mbliana. Ní sheolfar aon doiciméid ar ais chuig iarratasóirí.

Tháinig Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí an AE (Uimhir 2016/679) i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Féach le do thoil ar láithreán gréasáin an CAO le haghaidh faisnéis maidir le cosaint sonraí.

PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Déanfar iarratais ar iontráil i bhFómhar 2024 a phróiseáil de réir na rialachán, na nósanna imeachta agus an amchlár a leagtar amach i Lámhleabhar an CAO, 2024 (‘an Lámhleabhar’), i bhFoirm Iarratais CAO, 2024 (‘an Fhoirm’) agus sna doiciméid eile a luaitear sa lámhleabhar. Tá faisnéis maidir le coinníollacha breise agus maidir leis an bpróiseas a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar líne, le hathrú intinne agus le glacadh le tairiscintí le fáil ar láithreán gréasáin an CAO.

Is é atá beartaithe ná gur féidir cothrom na Féinne a thabhairt do gach iarratasóir agus go laghdófar na costais ag an am céanna d’iarratasóirí. Saoráid riaracháin amháin é an CAO agus ní thacaíonn an CAO le haon chúrsa ar leith ná ní mholann an CAO aon chúrsa ar leith. Is ortsa atá an fhreagracht stádas agus oiriúnacht aon chúrsa a roghnaítear a chinneadh. Tá sé tábhachtach cuimhneamh gur gá duit féachaint ar fhoilseacháin na hInstitiúidí Ardoideachais éagsúla nó dul i gcomhairle lena láithreán gréasáin mar nach bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil sa Lámhleabhar seo. Is i bhfoilseacháin oifigiúla na hInstitiúidí Ardoideachais amháin a gheobhaidh tú an fhaisnéis riachtanach maidir le hábhar na gcúrsaí, íosriachtanais iontrála, fad na gcúrsaí, agus cibé seansanna gairme atá amach romhat, etc.

Tá an CAO ina gníomhaire do na hInstitiúidí Ardoideachais atá rannpháirteach sa chóras iarratais. Aontaíonn na hInstitiúidí seo na rialacháin, nósanna imeachta agus amchlár d’iarratais gach bliain. Ní féidir leis an CAO iad seo a athrú chun caitheamh go speisialta le hiarratasóir amháin le hais iarratasóir eile ná chun áit a bhaint d’iarratasóir amháin chun í a thabhairt do dhuine eile.

Má dhéanann iarratasóir nó duine/daoine ar bith ag gníomhú thar ceann an iarratasóra iarracht, bíodh sé go díreach nó go hindíreach trí chumarsáide scríofa nó eile, canbhásáil a dhéanamh nó tionchar ar bith eile a imirt le leas an iarratasóra, nó chun bac a chur ar iarratasóir eile, is féidir go ndéanfar an t-iarratasóir a dhícháiliú ón gcomórtas.

FOILÁIREAMH: Tá sé de cheart ag na hInstitiúidí Ardoideachais ar fad atá páirteach i gcóras an CAO iarratais nó tairiscintí a chur ar ceal sa chás nach gcuirtear an fhaisnéis ar fad atá iarrtha ar fáil, nó sa chás go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil bréagach nó míchruinn. Is féidir go dteastóidh ó Institiúid Ardoideachais breathnú ar do bhundoiciméid sular féidir clárú a thabhairt chun críche.

Measfar iarratais de réir na faisnéise ar fad a chuirtear ar fáil iontu. Ní bheidh an CAO ná na hInstitiúidí Ardoideachais freagrach má theipeann ar iarratasóir cibé faisnéis a iarrtar a chur ar fáil laistigh den am atá leagtha síos.

COIMISIÚN NEAMHSPLEÁCH ACHOMHARC

CAO:

Tá Coimisiún Neamhspleách Achomharc ag an CAO agus is féidir leo siúd a mheasann nach bhfuair siad cothrom na féinne ón CAO, agus nach bhfuil na gearáin sin réitithe cheana féin ag an CAO, a gcuid gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Tá sé de chúram ar an gCoimisiún Neamhspleách Achomhairc a chinntiú go gcuirtear na rialacha i bhfeidhm faoi mar is ceart. Ní féidir leis an gCoimisiún Achomharc aon rialacha a chur ar leataobh d'aon iarratasóir a iarrann go ndéileálfai leo ar bhealach speisialta. Ba chóir achomhairc a sheoladh chuig: An Rúnaí, Coimisiún Neamhspleách Achomharc an CAO, f/ch Teach an Túir, Sráid Eglinton, Gaillimh, H91 X25V, Éire.

Caithfidh gach achomharc a bheith i scríbhinn, ní mór don iarratasóir a (h)ainm a chur leis an achomharc agus ní mór dó/dí a lua leis cén fáth a meastar nár léiríodh cothrom na féinne. Caithfear doiciméid chuí a sholáthar le cabhrú leis an achomharc. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig www.cao.ie/appeal

DARE/HEAR:

Achomhairc maidir le spriocdhátaí iarratais DARE HEAR a shárú

Maidir le hachomhairc a bhaineann le spriocdhátaí d'iarratais an 1 Márta agus an 15 Márta de chuid DARE agus HEAR (i.e. achomhairc a bhaineann le hiarratas bailí a dhéanamh) caithfear iad a chur díreach chuig Coimisiún Neamhspleách Achomharc an CAO mar atá thuas. Tá tuilleadh faisnéis faoi achomhairc maidir le spriocdhátaí iarratais DARE HEAR a shárú ar fáil ar www.cao.ie agus www.accesscollege.ie.

Achomhairc maidir le torthaí measúnaithe DARE HEAR

Úsáideann DARE/HEAR próiseas Athbhreithnithe agus Achomharc lena chinntiú go gcaitear go cóir le gach iarratas DARE/HEAR agus cuireadh na critéir measúnaithe i bhfeidhm go comhsheasmhach. Tá an próiseas seo oscailte d'iarratasóirí a bhfuil iarratas bailí déanta acu ar

DARE/HEAR agus a fuair toradh measúnaithe neamh-inchálithe. Caithfear iarratais Athbhreithnithe agus Achomhairc a dhéanamh ar líne trí shaoráid 'M'Iarratas' CAO faoi na spriocdhátaí foilsithe. Tá sonraí ar an bpróiseas Athbhreithnithe agus Achomharc, lena n-áirítear sonraí maidir le hiarratas ar Athbhreithniú agus Achomharc a dhéanamh, spriocdhátaí agus forais d'Athbhreithniú agus Achomharc, ar fáil ar www.cao.ie agus www.accesscollege.ie

Níl aon chostas ar an tseirbhís áirithe seo. Má tá tú míshásta le toradh d'achomhairc, féadfaidh tú gearán a chur faoi bhráid Oifig an Ombudsman.

TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LEIS AN CAO

Tabhair faoi deara: Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifig ó 09:30 go dtí 13:00 agus ó 14:00 go dtí 17:00 ó Luan go hAoine. Is é an bealach is fearr agus is éifeachtaí le teagmháil a dhéanamh leis an CAO ná tríd an bhfoirm 'Teagmháil' ar ár láithreán gréasáin ag www.cao.ie/contact

Má tá uimhir iarratais CAO agat, luaigh í i ngach comhfhreagrais – cuirfidh sé sin ar ár gcumas breathnú ar d'iarratas agus freagra a thabhairt ar do cheist, laistigh de lá oibre amháin de ghnáth. Nuair atá tú logáilte isteach i do chuntas CAO féadfaidh tú ríomhphost a sheoladh ón rannán Comhfhreagrais. Tá taifead sa rannán Comhfhreagrais ar an gcomhfhreagrais ar líne ar fad atá nasctha le do chuntas.

Agus míreanna a phostáil agat chuig CAO, ba chóir duit deimhniú postála a fháil ó oifig an phoist. Más mian leat deimhniú a fháil ón CAO go bhfuarthas do chuid doiciméad, ní mór duit cárta poist atá stampáilte agus ar a bhfuil do sheoladh féin a áireamh (ní bheidh stampa ag teastáil ar an gcárta poist más tá tú i do chónaí lasmuigh de Phoblacht na hÉireann). Seolfaidh an CAO an cárta poist ar ais chugat má fuarthas do chuid doiciméad.

Seoladh: An Lár-Oifig Iontrála, Teach an Túir, Sráid Eglinton, Gaillimh, H91 X25V, Éire

Guthán +353-(0)91-509800

Má bhaineann do cheist le hincháilitheacht, le díolúintí, le srianta nó le riachtanais a bhaineann le cúrsa, ba chóir duit teagmháil dhíreach a dhéanamh leis na hInstitiúidí Ardoideachais: www.cao.ie/hei

SEICLIOSTA D'IARRATASÓIRÍ AR LÍNE

Sula seoltar iarratas isteach	
Léigh mé Lámhleabhar an CAO.	<input type="checkbox"/>
Rinne mé taighde ar na cúrsaí a bhfuil spéis agam iarratas a dhéanamh orthu.	<input type="checkbox"/>
Táim eolach ar na híosriachtanais iontrála le haghaidh gach cúrsa agus ar aon srianta atá i bhfeidhm.	<input type="checkbox"/>
An tIarratas	
Fuair mé admháil ar líne le haghaidh m'iarratais agus phriontáil mé í mar thagairt amach anseo.	<input type="checkbox"/>
Sheiceáil mé an ríomhphost a sheol an CAO chugam (nuair a fuarthas m'iarratas ar líne) lena fheiceáil an bhfuil aon earráidí ann nó ar fágadh rud ar bith ar lár, agus dheimhnigh mé mo sheoladh ríomhphoist leis an gcód deimhnithe a thug an CAO dom.	<input type="checkbox"/>
Sheiceáil mé an ríomhphost a sheol an CAO chugam tar éis dom mo rogha cúrsaí a iontráil lena chinntiú go bhfuil mo rogha cúrsaí ar fad ceart agus in ord tosaíochta.	<input type="checkbox"/>
Chuir mé mo chuid sonraí ar fad faoi scrúduithe san áireamh, lena n-áirítear scrúduithe na bliana reatha, agus sheiceáil mé go bhfuil siad cruinn.	<input type="checkbox"/>
Sheiceáil mé aon chomhfhreagras a fuair mé ón CAO ina dhiaidh sin.	<input type="checkbox"/>
D'iarratasóirí a bhfuil orthu doiciméid tacaíochta a sheoladh mar chuid dá n-iarratas: Léigh mé an rannán 'Cáilíochtaí agus Measúnuithe' a bhaineann liom agus an taobh istigh de chlúdach cúil Lámhleabhar an CAO ina dtugtar treoracha maidir le doiciméid tacaíochta a sheoladh chuig an CAO.	<input type="checkbox"/>
Tá sé ar intinn agam Teastas Postála a fháil nuair a sheolaim an clúdach ina bhfuil mo dhoiciméid tacaíochta chuig an CAO.	<input type="checkbox"/>
Tar éis an Ghnáthdháta Deiridh le haghaidh Iarratais a Fháil	
Fuair mé mo Ráiteas ar Thaifead Iarratais (a seoladh chuig gach iarratasóir faoi dheireadh mhí na Bealtaine).	<input type="checkbox"/>
Thug mé fógra don CAO laistigh de 7 lá ón Ráiteas a fháil i ríomhphost faoi aon earráidí atá i mo chuntas CAO nó faoi aon ní a fágadh ar lár.	<input type="checkbox"/>
Sheol mé mo chuid athruithe, más ann dóibh, chuig an CAO tríd an tsaoráid 'Athrú Intinne' roimh 5pm, ar an 1 Iúil.	<input type="checkbox"/>
Thug mé ar m'aird aon srianta leis an tabhairt isteach cúrsaí tar éis spriocdháta an 1 Feabhra.	<input type="checkbox"/>
Na Babhtá Tairisceana	
Sheiceáil mé mo chuntas ríomhphoist agus an tsaoráid 'M'Iarratas' lena fháil amach an bhfuil tairiscint faighte agam nó nach bhfuil.	<input type="checkbox"/>
Fuair mé m'fhógra tairisceana NÓ ríomhphost um Ráiteas ar Thaifead Iarratais agus sheiceáil mé mo chuntas lena fheiceáil an bhfuil earráidí ann nó ar fágadh aon ní ar lár.	<input type="checkbox"/>
Sa chás go bhfuiltear ag glacadh le tairiscint: Ghlac mé le mo thairiscint ar líne tríd an tsaoráid 'M'Iarratas'.	<input type="checkbox"/>
Sa chás nach bhfuarthas aon tairiscint: Sheiceáil mé an ríomhphost um Ráiteas ar Iarratas lena chinntiú go bhfuil na sonraí atá á gcoimeád ar comhad dom ag an CAO ceart agus thug mé fógra láithreach don CAO faoi aon earráidí nó faoi aon ní a fágadh ar lár.	<input type="checkbox"/>

CÚRSAÍ 2024

Institiúidí in ord aibítre de réir suímh

Tá na cúrsaí ar fad atá liostaithe anseo i gceart agus an lámhleabhar seo á fhoilsiú.

D'fhéadfaí cúrsaí nua a chur san áireamh nó cúrsaí a chur ar ceal níos déanaí.

Seolfaidh na hinstitiúidí ábhartha eolas amach maidir le hathruithe den sórt seo chuig na scoileanna iar-bhunscoile.

Is féidir na hathruithe ar liosta na gcúrsaí agus Lámhleabhar an CAO a fheiceáil ar rannán an Lámhleabhair ar láithreán gréasáin an CAO: www.cao.ie/handbook

Is féidir leat cúrsaí a chuardach trí leathanach na gCúrsaí freisin ag www.cao.ie/courses



Is ionann an colún “Dul Chun Cinn” i gcló trom agus an bhuncháilíocht a bhronnfar ort, chomh maith le haon deiseanna leantacha, má tá aon cheann ar fáil. B'fhéidir go mbeadh na deiseanna leantacha seo sa réimse céanna nó i réimse gaolmhar. B'fhéidir go mbeadh deiseanna breise ar fáil in Institiúid éigin eile. NÍ MÓR féachaint ar fhoilseacháin na hInstitiúide.

CT = Teastas; FC = Teastas Bunsraithe; DP = Dioplóma; L6 = Ardteastas; L7 = Gnáthchéim; L8 = Céim Onóracha. De ghnáth is cúrsaí bliana iad na cúrsaí FC; is cúrsaí dhá bhliain iad na cúrsaí CT/L6 agus is cúrsaí trí bliana (ar an iomlán) iad na cúrsaí DP/L7.

OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA NA SIONAINNE:

LÁR TÍRE, AN TIARTHAR LÁIR

www.tus.ie

LEIBHÉAL 8 Céimeanna Onóracha Baitsiléara – Leibhéal 8		Chun iarratas a dhéanamh, cuir na Cóid thíos isteach i Rannán Leibhéal 8 ar an bhFoirm Iarratais.	
Cód	Teideal (NÁ cuirtear é seo ar an bhfoirm iarratais) Céimeanna Onóracha Baitsiléara – Leibhéal 8	Suíomh	
US 800	Ealaín agus Dearadh (Comhiontráil) <i>Punann</i>	Campas Luimnigh	
US 801	Ealaín agus Dearadh – Oideachas Múinteoirí (<i>Á chomhthairiscint ag TUS agus UL*#</i>) <i>Punann</i>	Campas Luimnigh	
US 802	Beochan agus Léiriú*# <i>Punann</i>	Campas Bhaile Átha Luain	
US 803	Dearadh Grafach agus Digiteach*# <i>Punann</i>	Campas Bhaile Átha Luain	
US 805	Beochan Dhigiteach*# <i>Punann</i>	Campas Chluain Meala	
US 806	Ealaín agus Dearadh Cluichí*# <i>Punann</i>	Campas Chluain Meala	
US 807	Craoladh Cruithaitheach agus Léiriú Scannán*#	Campas Luimnigh	
US 808	Léiriú agus Teicneolaíocht Cheoil*#	Campas Luimnigh	
US 809	Innealtóireacht Ceoil agus Fuaime*#	Campas Bhaile Átha Luain	
US 810	Maisíocht Físe do Scannáin, Teilifís agus Beochan <i>Punann</i>	Campas Chluain Meala	
US 811	Dearadh Intí*# <i>Punann</i>	Campas Luimnigh	
US 812	Innealtóireacht Dearaidh*#	Campas Bhaile Átha Luain	
US 820	Forbairt Bogearraí*#	Campas Luimnigh	
US 821	Dearadh Bogearraí agus Réaltacht Fhíorúil agus Cluichí*#	Campas Bhaile Átha Luain	
US 822	Dearadh Bogearraí le hIntleacht Shaorga don Néalríomhaireacht*#	Campas Bhaile Átha Luain	
US 823	Dearadh Bogearraí le Digitíú*#	Campas Bhaile Átha Luain	
US 824	Innealtóireacht Ríomhaireachta le haghaidh Bonneagar Líonra	Campas Bhaile Átha Luain	
US 825	Meáin Dhigiteacha Thumthacha*#	Campas Luimnigh	
US 826	Ríomhaireacht – Mhóibíleach agus Ghréasáin*#	Campas Luimnigh	
US 827	Bainistíocht Córas agus Líonraí Ríomhaireachta*#	Campas Luimnigh	
US 828	Ríomhaireacht – Dearadh agus Forbairt Cluichí*#	Campas Dhurlais	
US 829	Innealtóireacht Ríomhaireachta don Róbataic	Campas Bhaile Átha Luain	
US 837	Dlí*#	Campas Luimnigh	
US 838	Gnó agus Dlí*#	Campas Luimnigh	
US 839	Riarachán Gnó	Campas Bhaile Átha Luain	
US 840	Gnó*#	Campas Bhaile Átha Luain	
US 841	Gnó*#	Campas Luimnigh	
US 842	Gnó*#	Campas Dhurlais	
US 843	Gnó (Margaíocht Dhigiteach)*#	Campas Luimnigh	
US 844	Margaíocht Dhigiteach*#	Campas Bhaile Átha Luain	
US 845	Cuntasaíocht agus Airgeadas*#	Campas Luimnigh	
US 846	Cuntasaíocht le hAirgeadas	Campas Bhaile Átha Luain	
US 847	Cuntasaíocht le hAirgeadas (le Socrúchán)	Campas Bhaile Átha Luain	
US 848	Gnó agus Dlí*#	Campas Bhaile Átha Luain	
US 849	Dlí agus Cánachas*#	Campas Luimnigh	
US 850	Dlí	Campas Bhaile Átha Luain	
US 851	Staidéar Gnó (Margaíocht agus Bainistíocht)*#	Campas Luimnigh	
US 852	Staidéar Gnó (Fiontraíocht agus Nuálaíocht)*#	Campas Luimnigh	
US 853	Gnó Idirnáisiúnta*#	Campas Bhaile Átha Luain	
US 854	Staidéar Gnó Idirnáisiúnta*#	Campas Luimnigh	
US 855	Gnó le Ríomhaireacht*#	Campas Luimnigh	
US 856	Ríomhaireacht Ghnó	Campas Bhaile Átha Luain	
US 860	Bith-theicneolaíocht le hEolaíocht Bhithchógaisíochta*#	Campas Luimnigh	
US 861	Bith-theicneolaíocht*#	Campas Bhaile Átha Luain	
US 862	Micribhitheolaíocht#	Campas Bhaile Átha Luain	
US 863	Eolaíochtaí Fóiréinseacha agus Cógaisíochta*#	Campas Luimnigh	
US 864	Anailís Drugaí agus Táirgeadh Liachta*#	Campas Luimnigh	
US 865	Cógaseolaíocht*#	Campas Bhaile Átha Luain	
US 866	Eolaíochtaí Cógaisíochta*#	Campas Bhaile Átha Luain	
US 867	Eolaíocht Bhitridliachta#	Campas Bhaile Átha Luain	
US 868	Eolaíocht Chomhshaoil agus Aeráid*#	Campas Dhurlais	
US 869	Teicneolaíocht Leighis*#	Campas Luimnigh	
US 870	Eolaíocht Talmhaíochta agus Inbhuanaitheacht*#	Campas Dhurlais	

**OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA NA SIONAINNE:
LÁR TÍRE, AN TIARTHAR LÁIR**
www.tus.ie

(ar lean)

LEIBHÉAL 8 Céimeanna Onóracha Baitsiléara – Leibhéal 8		Chun iarratas a dhéanamh, cuir na Cóid thíos isteach i Rannán Leibhéal 8 ar an bhFoirm iarratais.
Cód	Teideal (NÁ cuirtear é seo ar an bhfoirm iarratais) Céimeanna Onóracha Baitsiléara - Leibhéal 8	Dul Chun Cinn
US 877	Altranas Ginearálta*# (Más iarratasóir lánfhásta thú, féach ar leathanach 23)	Campas Bhaile Átha Luain
US 878	Altranas Meabhairshláinte*# (Más iarratasóir lánfhásta thú, féach ar leathanach 23)	Campas Bhaile Átha Luain
US 880	Suirbhéireacht Chainníochta#	Campas Bhaile Átha Luain
US 881	Suirbhéireacht Chainníochta#	Campas Luimnigh
US 882	Luacháil agus Bainistíocht Maoine*#	Campas Luimnigh
US 883	Timpeallacht Thógtha (Comhiontráil chuig Suirbhéireacht Chainníochta, Luacháil agus Bainistíocht Maoine, Bainistíocht Innealtóireachta Sibhialta, agus Bainistíocht Foirgníochta)*#	Campas Luimnigh
US 884	Bainistíocht Foirgníochta*#	Campas Bhaile Átha Luain
US 885	Bainistíocht Foirgníochta*#	Campas Luimnigh
US 886	Bainistíocht Innealtóireachta Sibhialta*#	Campas Luimnigh
US 887	Innealtóireacht Shibhialta*#	Campas Bhaile Átha Luain
US 900	Innealtóireacht Leictreach*#	Campas Luimnigh
US 901	Innealtóireacht Fuinnimh In-athnuaite agus Leictirigh*#	Campas Luimnigh
US 902	Innealtóireacht Róbataice agus Uathoibríthe*#	Campas Luimnigh
US 903	Innealtóireacht Leictreonach le Córais Ríomhaireachta*#	Campas Luimnigh
US 910	Innealtóireacht Mheicniúil*#	Campas Bhaile Átha Luain
US 911	Innealtóireacht Mheicniúil*#	Campas Luimnigh
US 912	Innealtóireacht Mheicniúil le Fuinneamh*#	Campas Bhaile Átha Luain
US 913	Innealtóireacht Polaiméirí agus Mheicniúil*#	Campas Bhaile Átha Luain
US 914	Beacht-Innealtóireacht*#	Campas Luimnigh
US 915	Innealtóireacht Gluaisteán agus Bainistíocht Iompair*#	Campas Luimnigh
US 916	Uathoibríú agus Róbataic	Campas Bhaile Átha Luain
US 917	Innealtóireacht Ríomhaireachta*#	Campas Bhaile Átha Luain
US 918	Dearadh Bogearraí Idirnáisiúnta (le Socrúchán Idirnáisiúnta)*#	Campas Bhaile Átha Luain
US 920	Obair Chúraim Shóisialta*#	Campas Luimnigh
US 921	Cleachtadh Cúraim Shóisialta	Campas Bhaile Átha Luain
US 922	Obair Chúraim Shóisialta*#	Campas Dhurlais
US 923	Obair Chúraim Shóisialta*#	Campas Inse
US 924	Síceolaíocht Fheidhmeach*#	Campas Luimnigh
US 925	Síceolaíocht Fheidhmeach	Campas Bhaile Átha Luain
US 926	Cúram & Oideachas na Luath-Óige*#	Campas Bhaile Átha Luain
US 927	Oideachas agus Cúram na Luath-Óige*#	Campas Luimnigh
US 928	Staidéar Pobail agus Andúile*#	Campas Luimnigh
US 930	Fiontraíocht na Cócaireachta*#	Campas Bhaile Átha Luain
US 931	Fiontraíocht na Cócaireachta*#	Campas Luimnigh
US 932	Bainistíocht Fáilteachais*# (le Socrúchán Idirnáisiúnta)	Campas Bhaile Átha Luain
US 940	Staidéar Gnó le Bainistíocht Taistil agus Turasóireachta*#	Campas Luimnigh
US 941	Staidéar Gnó le Bainistíocht Imeachtaí*#	Campas Luimnigh
US 942	Staidéar Gnó le Bainistíocht Imeachtaí	Campas Bhaile Átha Luain
US 946	Staidéar Gnó le Bainistíocht Scéimhe agus Spá*#	Campas Luimnigh
US 950	Cothú agus Eolaíocht Sláinte*#	Campas Bhaile Átha Luain
US 951	Eolaíocht Spóirt le hAclaíocht Fiseolaíochta*#	Campas Bhaile Átha Luain
US 952	Bainistíocht Spóirt*# (le Socrúchán Idirnáisiúnta)	Campas Bhaile Átha Luain
US 953	Staidéar Gnó le Bainistíocht Spóirt*#	Campas Luimnigh
US 954	Forbairt agus Feidhmíocht Spóirt*#	Campas Luimnigh
US 956	Teiripe Lúthchleasaíochta agus Athshlánúcháin*#	Campas Bhaile Átha Luain
US 957	Eolaíocht Ghníomhaíocht Choirp agus Sláinte*#	Campas Bhaile Átha Luain
US 958	Eolaíocht Spóirt Fheidhmeach le Neart agus Aclú*#	Campas Dhurlais
US 959	Eolaíocht Spóirt Fheidhmeach le Teicneolaíocht na Feidhmíochta*#	Campas Dhurlais

OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA NA SIONAINNE: LÁR TÍRE, AN TIARTHAR LÁIR

www.tus.ie

LEIBHÉAL 7/6 Gnáthchéimeanna Baitsiléara - Leibhéal 7 Ardteastais – Leibhéal 6		Chun iarratas a dhéanamh, cuir na Cóid thíos isteach i Rannán Leibhéal 7/Leibhéal 6 ar an bhFoirm iarratais.	
Cód	Teideal (NÁ cuirtear é seo ar an bhfoirm iarratais) Gnáthchéimeanna Baitsiléara - Leibhéal 7	Suíomh	Dul Chun Cinn
US 700	Dearadh Grafach* <i>Punann</i>	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 702	Craoladh Cruthaitheach agus Léiriú Scannán*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 703	Léiriú agus Teicneolaíocht Cheoil*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 704	Innealtóireacht Ceoil agus Fuaim	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 710	Ríomhaireacht - Mhóibíleach agus Ghréasáin*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 711	Innealtóireacht Ríomhaireachta le Bonneagar Lónra	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 712	Dearadh Bogearraí le hIntleacht Shaorga don Néalríomhaireacht	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 713	Dearadh Bogearraí agus Réaltacht Fhíorúil agus Cluichíocht	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 714	Innealtóireacht Ríomhaireachta*	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 715	Dearadh Bogearraí le Digitíú	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 716	Innealtóireacht Ríomhaireachta don Róbataic	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 720	Gnó*	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 721	Gnó*	Campas Dhurlais	L7->L8
US 722	Gnó le Ríomhaireacht*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 723	Fiontraíocht agus Nuálaíocht*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 724	Margaíocht Dhigiteach*	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 730	Bitheolaíocht Fheidhmeach*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 731	Biteicneolaíocht*	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 732	Eolaíochtaí Fóiréinseacha agus Cógaisíochta*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 733	Eolaíochtaí Cógaisíochta (Forbairt Drugaí agus Anailís)*	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 735	Teicneolaíocht Leighis*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 736	Eolaíocht Chomhshaoil agus Aeráid*	Campas Dhurlais	L7->L8
US 738	Altranas Tréidliachta	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 740	Eolaíocht Talmhaíochta agus Inbhuanaitheacht*	Campas Dhurlais	L7->L8
US 750	Innealtóireacht Leictreach*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 751	Innealtóireacht Leictreonach le Córais Ríomhaireachta*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 752	Innealtóireacht Fuinnimh In-athnuaite agus Leictirigh*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 753	Innealtóireacht Róbataice agus Uathobrithe *	Campas Luimnigh	L7->L8
US 760	Innealtóireacht Shibhialta*	Campas Luimnigh	L7
US 761	Innealtóireacht Shibhialta*	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8

(Ar Lean)

**OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA NA SIONAINNE:
LÁR TÍRE, AN tIARTHAR LÁIR**

www.tus.ie

LEIBHÉAL 7/6 Gnáthchéimeanna Baitsiléara - Leibhéal 7 Ardteastais – Leibhéal 6		Chun iarratas a dhéanamh, cuir na Cóid thíos isteach i Rannán Leibhéal 7/Leibhéal 6 ar an bhFoirm Iarratais.	
Cód	Teideal (NÁ cuirtear é seo ar an bhfoirm iarratais) Gnáthchéimeanna Baitsiléara - Leibhéal 7	Suíomh	Dul Chun Cinn
US 770	Innealtóireacht Mheicniúil*	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 771	Innealtóireacht Mheicniúil*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 772	Innealtóireacht Mheicniúil le Fuinneamh*	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 773	Innealtóireacht (Comhiontráil go US 770/US 772/US 776/ US 777)*	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 774	Beacht-Innealtóireacht*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 775	Teicneolaíocht agus Bainistíocht Iompair ar Bhóithre*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 776	Uathobriú agus Róbataic	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 777	Innealtóireacht Polaiméirí agus Mheicniúil*	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 778	Beochan agus Léiriú*	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 780	Cúram & Oideachas na Luath-Óige*	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 781	Obair Chúraim Shóisialta*	Campas Inse	L7->L8
US 782	Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta*	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 783	Oideachas agus Cúram na Luath-Óige*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 785	Forbairt agus Feidhmíocht Spóirt*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 786	Eolaíocht Spóirt Fheidhmeach le Neart agus Aclú*	Campas Dhurlais	L7->L8
US 787	Staidéar Gnó le Bainistíocht Spóirt*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 788	Aclaíocht agus Eolaíocht na Sláinte	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 789	Eolaíocht Spóirt Fheidhmeach le Teicneolaíocht na Feidhmíochta*	Campas Dhurlais	L7->L8
US 790	Staidéar Gnó le Bainistíocht Taistil agus Turasóireachta*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 791	Staidéar Gnó le Bainistíocht Imeachtaí*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 792	Staidéar Gnó le Bainistíocht Scéimhe agus Spá*	Campas Luimnigh	L7->L8
US 793	Staidéar Gnó le Bainistíocht Imeachtaí*	Campas Bhaile Átha Luain	L7->L8
US 795	Na hEalaíona Cócaireachta*	Campas Luimnigh	L7->L8
Cód	Teideal (NÁ cuirtear é seo ar an bhfoirm iarratais) Ardteastais - Leibhéal 6	Suíomh	Dul Chun Cinn
US 600	Ceol agus Teicneolaíocht Uirlisí	Campas Bhaile Átha Luain	L6->L7
US 610	Cuntasaíocht agus Airgeadas	Campas Luimnigh	L6->L7->L8
US 612	Staidéar Gnó (Margaíocht agus Bainistíocht)	Campas Luimnigh	L6->L7->L8
US 631	Na hEalaíona Cócaireachta	Campas Luimnigh	L6->L7->L8
US 640	Forbairt agus Oilíúint Spóirt	Campas Luimnigh	L6->L7->L8
US 650	Teicneolaíocht Gluaisteán	Campas Luimnigh	L6->L7
US 651	<i>Meicniú Talmhaíochta (sa chéad bhliain, caitheann na mic léinn ceithre lá i gColáiste Talmhaíochta Phailis Chaonraí agus lá amháin in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh)</i>	Campas Luimnigh	L6->L7
US 660	Teicneoir Cógaisíochta	Campas Bhaile Átha Luain	L6->L7
US 661	Altranas Déadach	Campas Bhaile Átha Luain	L6

Bronnfar Gnáthchéim ar mhic léinn a n-éiríonn leo sa tríú bliain den chlár seo agus nach dteastaíonn uathu dul ar aghaidh chuig an ceathrú bliain. (Leibhéal 7).

* Beidh mic léinn a n-éiríonn leo sa dara bliain den chlár seo a chur i gcrích agus nach mian leo dul isteach sa tríú bliain incháilithe dámhachtain Ardteastais a fháil. (Leibhéal 6)

Moltar do mhic léinn breathnú ar Réamheolaire nó ar láithreán gréasáin na hOllscoile ag www.tus

OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA AN OIRDHEISCIRT

www.setu.ie

LEIBHÉAL 8 Céimeanna Onóracha Baitsiléara – Leibhéal 8		Chun iarratas a dhéanamh, cuir na Cóid thíos isteach i Rannán Leibhéal 8 ar an bhFoirm iarratais.
Cód	Teideal (NÁ cuirtear é seo ar an bhfoirm iarratais) Céimeanna Onóracha Baitsiléara - Leibhéal 8	Suíomh
SE 200	Na Dána – Roghnaíonn iarratasóirí 3 ábhar ón ngrúpa sa chlár ama sa liosta thíos agus leanann siad ar aghaidh le 2 cheann de na hábhair seo i mbliain 2 agus i mbliain 3. Grúpa 1. Béarla; Spáinnis Grúpa 2. Fraincis; an Léann Reiligiúnach; Dlí Grúpa 3. Gaeilge; Socheolaíocht Grúpa 4. Léann na hAmharclannaíochta; Síceolaíocht	Port Láirge
SE 201	Dearadh (Amharc-Chumarsáid)	Port Láirge – Bóthar an Choláiste
SE 202	Nuálaíocht i nDearadh Táirgí	Ceatharlach
SE 203	Amharcealaíona	Port Láirge – Bóthar an Choláiste
SE 204	Amharc-Chumarsáid agus Dearadh	Loch Garman
SE 205	Síceolaíocht	Port Láirge
SE 206	Ceol	Port Láirge – Bóthar an Choláiste <i>Éisteacht (Srianta – féach ar lch 3)</i>
SE 207	Ealaín	Loch Garman – Sráid an Chnoic <i>Punann</i>
SE 208	Léiriú Teilifíse agus na Meán	Ceatharlach
SE 300	Cruthú Ábhar agus Meáin Shóisialta	Ceatharlach
SE 400	Gnó (Port Láirge) – le/gan teanga (Fraincis, Gearmáinis, Gaeilge, Spáinnis nó Sínis), le roghanna iontu seo a leanas: • Cuntasaíocht • Eacnamaíocht agus Airgeadas • Bainistíocht Acmhainní Daonna • Bainistíocht • Margaíocht Rogha le déanamh ag deireadh bhliain 2.	Port Láirge
SE 401	Gnó (Ceatharlach) le roghanna iontu seo a leanas: • Bainistíocht Gnó • Bainistíocht Acmhainní Daonna • Gnó Idirnáisiúnta • Bainistíocht Shlabhra an tSoláthair • Margaíocht • Airgeadas agus Cuntasaíocht Rogha le déanamh ag deireadh bhliain 2.	Ceatharlach
SE 402	Gnó (Loch Garman) le roghanna iontu seo a leanas: • Gnó • Margaíocht Dhigiteach Rogha le déanamh ag deireadh bhliain 2.	Loch Garman
SE 403	Gnó le Dlí	Ceatharlach
SE 404	Dlí (LLB)	Port Láirge – Bóthar an Choláiste
SE 405	Dlí (LLB)	Ceatharlach
SE 406	Ceartas Coiriúil	Port Láirge – Bóthar an Choláiste
SE 407	Cuntasaíocht	Ceatharlach
SE 408	Cuntasaíocht	Port Láirge
SE 409	Caidreamh Poiblí agus na Meáin	Ceatharlach
SE 410	Iriseoireacht agus na Meáin Dhigiteacha	Port Láirge
SE 411	Margaíocht Dhigiteach agus Anailísíocht	Ceatharlach
SE 412	Gnó Idirnáisiúnta	Port Láirge
SE 413	Córais Faisnéise Gnó	Port Láirge

OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA AN OIRDHEISCIRT

www.setu.ie

